Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

Comhairle Contae Chorcaí

# Straitéis Oiriúnaithe Aeráide

2019-2024





# Comhráiteas ó Mhéara Chorcaí An Comh. Christopher O'Sullivan agus an Príomhfheidhmeannach Tim Lucey

Is é an t-athrú aeráide an tsaincheist a shainíonn ár gcuid ama agus táimid faoi láthair ag pointe cinniúnach. I mí Dheireadh Fómhair 2018, chuir Painéal Idir-rialtasacha na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (IPCC) tuarascáil shuntasach ar fáil a thugann rabhadh do rialtais an domhain go gcaithfí astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú 50% laistigh de dhá bhliain déag, chun cosc a chur ar "athrú aeráide tubaisteach agus do-chúlaithe" . Réamh-mheastaíonn eolaithe go mbeidh scrios forleathan ar mhaoin agus ar bhonneagar i gceist le hathrú aeráide tubaisteach, chomh maith le rachlas polaitiúil, mór imirce dídeanaí aeráide agus cliseadh ar ár gcórais táirgthe bia faoi dheireadh. Tá na réaltachtaí seo ag tarlú cheana féin i gcodanna den Áise agus den Afraic.

I mí Feabhra 2019 dúirt Comhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil "athrú aeráide ina bhagairt dhíreach agus eiseach, nach spárálfaidh aon tír". Dar le Kristalina Georgieva, Príomhfheidhmeannach an Bhainc Dhomhanda, "Is léir gur sinne an ghlúin dheireanach a d'fhéadfaimis cúrsa an t-athrú aeráide a athrú, ach ag an am céanna is sinne an chéad ghlúin atá ag maireachtáil lena iarmhairtí." In ainneoin na rabhaidh sin, tá méadú ag teacht fós ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa dhomhanda. Faoi láthair tá muid ar chonair i dtreo oll-díothú speicis, agus díothú féideartha do chine dhaonna. Uraíonn na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide thar gach uile dhúshláin eile a bhí ann i stair an cine daonna riamh.

Beidh tionchar ag an Athrú Aeráide orainn go léir agus is fadhb é a éilíonn tiomantas ó na páirtithe go léir atá i gceist, idir bheag agus mhór. Cuireann Plean Gníomhaíochta Aeráide Uile-Rialtais ceangaltas ar gach earnáil i dtreo cur chuige comhtháite agus tríd an gcairt rialtais áitiúil atá beartaithe beidh sé tiomanta do chinntiú go mbeidh acmhainní ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun na gníomhartha riachtanacha a dhéanamh. Beidh orainn, mar Údarás Áitiúil, athrú agus oiriúnú do na cúinsí nua seo. Is í an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide an chéad chéim chun na bunsraitheanna a thógáil atá ag teastáil chun athléimneacht i leith guaiseacha aeráide a fheabhsú. Treoróidh na gníomhartha a chuirtear i láthair sa straitéis seo Contae Chorcaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn agus chun réitigh nuálacha agus inbhuanaithe a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar oiriúnú agus a fheabhsóidh athléimneacht i leith aeráide atá ag athrú

Beidh ról lárnach ag Comhairle Contae Chorcaí don chontae agus iad ag dul in oiriúint don Athrú Aeráide. Oibreoimid, trínár seachadadh seirbhísí, agus le muintir Chorcaí chun a chinntiú go seachadfaimid todhchaí níos fearr do chách. Teastóidh tacaíocht ó gach earnáil agus pobal ar fud an chontae chun fíor-athrú a dhéanamh a chruthóidh geilleagar athléimneach ísealcharbóin, agus ag an am céanna ag seachadadh ár gcuspóirí maidir le deiseanna a chruthú do gach éinne. Go háirithe, ós rud é go soláthraímid seirbhísí anois a bhfuil bainteach le cúraimí i mbeagnach gach Roinn Rialtais, beidh tacaíocht nach beag ag teastáil uainn, i dtéarmaí ceannaireachta gníomhaí agus éascaíocht acmhainní, d'fhonn a bheith in ann ár n-uaillmhian a sheachadadh do Chontae Chorcaí. Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta d'Athrú Aeráide a phríomhshruthú i seachadadh a seirbhísí agus athrú a chur i bhfeidhm maidir le hoiriúnú aeráide.



CATHAOIRLEACH
Christopher O' Sullivan
Comhairle Contae Chorcaí





AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
Tim Lucey
Comhairle Contae Chorcaí



# Achoimre Fheidhmiúcháin

Faoi na Creataí Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO), a foilsíodh mar fhreagra ar fhorálacha an Achta um Ghníomhú ar son na haeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015, cuireadh de chúram ar gach Údarás Áitiúil Straitéis Oiriúnaithe Aeráide a tháirgeadh dá limistéir fheidhme. D'fhorbair Stiúrthóireacht Comhshaoil Chomhairle Contae Chorcaí an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide do Chontae Chorcaí. Tarraingíonn an straitéis ar na sonraí a eisíonn fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh maith leo siúd ó fhoinsí réigiúnacha agus áitiúla. Bunaíonn sé bunlíne teagmhas drochaimsire agus tuarann sé na dúshláin agus na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide don chontae amach anseo. Ina theannta sin, molann an straitéis sraith gníomhaíochtaí chun dul in oiriúint do na hathruithe aeráide atá ar siúl cheana féin.

Tá an straitéis bunaithe ar athbhreithniú forleathan, ar thaighde agus ar rannphháirtíocht le páirtithe leasmhara. Beidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí mar bhonn eolais faoi na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis. Nuair a ghlacfar leis, is í an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide an phríomh-ionstraim chun tiomantas uileghabhálach Chomhairle Contae Chorcaí a bhaint amach i dtreo timpeallacht atá Ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe.

Tiomsaíodh clár riosca aeráide mar chuid den straitéis seo agus tá sé mar aidhm aige sraith gníomhartha a shainaithint chun tionchair ó eachtraí aimsire an-mhór a íoslaghdú. Tá an clár riosca bunaithe ar na guaiseacha agus an leochaileacht a bhaineann le hathrú aeráide ar fud an chontae.

Is í an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide an chéad cheann dá cineál do Chomhairle Contae Chorcaí. Is doiciméad ardleibhéil é atá deartha chun saincheist an athraithe aeráide a phríomhshruthú i bpleananna, i bpolasaithe agus in oibríochtaí na nÚdarás Áitiúil. Le hullmhú do dhúshláin an athraithe aeráide agus oiriúnú dá éifeachtaí, aithníodh seacht sprioceanna ar ardleibhéil:

- Rialachas Oiriúnaithe Áitiúil agus Oibríochtaí Gnó
- Bonneagar agus Timpeallacht Thógtha
- Úsáid talún agus forbairt
- Draenáil agus Bainistiú Tuilte
- Timpeallacht Nádúrtha, Oidhreacht Thógtha agus Cultúrtha
- Sláinte, Folláine agus Phobail
- Earnálacha agus Gníomhaireachtaí Eile

Tacaítear le forbairt na spriocanna ardleibhéil seo le roinnt cuspóirí agus gníomhartha a dhéanann an bonn sin den straitéis.

**Is é an leagan Béarla den stráitéis seo an leagan oifigiúil.**

# Clár ábhair


**Caibidil 1: Réamhrá** 4
- 1.1 Cúlra ar Athrú Aeráide 5
- 1.2 Straitéis Oiriúnaithe Aeráide 6
- 1.3 Oiriúnú Aeráide & Maolú Aeráide 6
- 1.4 Dúshlán um Athrú Aeráide d'Éirinn agus do Chontae Chorcaí 7
- 1.5 Comhthéacs Polasaí Oiriúnaithe 8
- 1.6 Modheolaíocht 12

**Caibidil 2: Comhthéacs Réigiúnach agus Áitiúil** 16
- 2.1 Oifig Réigiúnach Gníomhaíochta Aeráide 17
- 2.2 Próifíl Contae Chorcaí 17
- 2.3 Cás-Staidéir ar Oiriúnú Aeráide Chomhairle Contae Chorcaí 19

**Caibidil 3: Measúnú Bunlíne Oiriúnaithe** 24
- 3.1 Réamhrá 25
- 3.2 Measúnú Bunlíne 25

**Caibidil 4: Sainaithint ar Riosca Aeráide** 28
- 4.1 Sainaithint ar Riosca Aeráide 29
- 4.2 Athróga Aeráide agus Riosca Aeráide 29
- 4.3 Beartú Tosaíochta de Riosca Athrú Aeráide 34
- 4.4 Clár Riosca Chontae Chorcaí 36

**Caibidil 5: Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha an Oiriúnú** 40
- 5.1 Réamhrá 41
- 5.2 Treoirphrionsabail 42
- 5.3 Gníomhartha um Athrú Aeráide 42
- 5.4 Gníomhaíochtaí Oiriúnaithe Chomhairle Contae Chorcaí 43

**Caibidil 6 : Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Meastóireacht** 58
- 6.1 Réamhrá 59
- 6.2 Tosaíocht a thabhairt do Ghníomhaíochtaí 59
- 6.3 Cur chuige a fhorbairt agus cur i bhfeidhm a thionscnamh 59
- 6.4 Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara/Earnálacha eile 60
- 6.5 Monatóireacht agus Meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm 61
- 6.6 Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 61

**Tagairtí** 62

Caibidil 01

# Réamhrá

# 1.1 Cúlra ar Athrú Aeráide

Tá aeráid an Domhain ag athrú agus tá tionchar na n-athruithe seo ag éirí níos soiléire. I measc na n-athruithe aeráide sofheicthe seo tá éagsúlachtaí i dteochtaí aeir agus aigéan, leá brostaithe ar shneachta agus oighearchaidhpeanna, cúlú forleathan oighearshruthanna, ardú ar leibhéal domhanda na farraige agus athruithe fairsinge i bpatrúin aimsire. Tá tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil agus sóisialta ag baint leis na hathruithe seo.

Tagraíonn athrú aeráide athrú ar phatrúin aeráide, go háirithe athrú atá le feiceáil ó lár go deireadh an 20ú haois ar aghaidh, agus mar gheall ar na leibhéil mhéadaithe de dhé-ocsaíd charbóin atmaisféarach ($CO_2$) a tháirgtear trí bhreoslaí iontaise a úsáid, agus mar thoradh de sin go leor aeráide athruithe agus tionchair ar fud na cruinne.

Tá roinnt gáis, ar nós dé-ocsaíd charbóin agus meatán ($CH_4$), atá ann go nádúrtha san atmaisféar agus cuireann siad le téamh dhromchla an domhain trí theas ón ngrian a ghabháil ar a dtugtar an iarmhairt cheaptha teasa. Nuair a bhíonn coibhneas na ngás ceaptha teasa sin san atmaisféar cobhsaí, tá an éifeacht thairbhiúil, ag déanamh teochtaí dromchla níos teo agus ag maolú luascáin teochta. Mar sin féin, tá gníomhaíocht dhaonna ag méadú tiúchan na ngás ceaptha teasa san atmaisféar, rud atá ag ardú na meánteocht cheana féin.





*Fig 1.1 Éifeacht Gáis Cheaptha Teasa [1]*

Tá comhdhearcadh eolaíoch leathan ann gur chuir gníomhaíochtaí daonna, go háirithe breoslaí iontaise á dhó le haghaidh fuinnimh, go mór le méadú ar gháis cheaptha teasa atmaisféaracha. Luaigh an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (PIAA) gur mhéadaigh leibhéil $CO_2$ san atmaisféar ó leibhéal réamh-thionsclaíoch de 280 cuid sa mhilliúin (csm) go 379 csm in 2005 [2]. Tharla sé seo ag an am céanna le méadú ar an meánteocht dhomhanda de 0.74$^0$C idir 1906 agus 2005. I 2013, d'fhógair an Riarachán Náisiúnta Aigéanach agus Atmaisféarach na Stát Aontaithe gur shroich leibhéil $CO_2$ 400 csm [3]. An bhliain chéanna sin, tháinig an PIAA ar an gconclúid gur "aimsíodh tionchar daonna sna rudaí seo a leanas; i dtéamh an atmaisféir agus an t-aigéan, i n-athruithe sa timthriall uisce dhomhanda, i laghdú sneachta agus oighir, i meánmhéadú domhanda leibhéal na farraige, agus i roinnt athruithe ar dhálaí foircneacha aeráide .... is dóchúil gurbh é tionchar daonna an phríomhchúis leis an téamh a breathnaíodh ó lár an 20ú haois " [4]. I 2012, d'eisigh an Eagraíocht Meitéareolaíochta Domhanda [5] anailís a thaispeánann gurbh iad na deich mbliana a bhí idir 2001-2010 na blianta is teolaí a taifeadadh i ngach mór-roinn den domhan.

Tá eolaithe aeráide ó Oifig Mheitéareolaíochta na Ríochta Aontaithe ag súil le go bhfeicfidh siad ceann de na harduithe domhanda is mó i dtiúchan carbón-dé-ocsaíde atmaisféir i 2019 agus táthar ag súil go sroichfidh na meánleibhéil $CO_2$ 411 csm [6]. Tá an réamhaisnéis seo bunaithe ar mheascán tosca lena n-áirítear astaíochtaí antrapaigineacha atá ag ardú agus laghdú ar ghlacadh carbóin-dé-ocsaíd ag éiceachórais de bharr inathraitheacht aeráide trópaiceach [6]. Le déanaí, thuairiscigh an PIAA go meastar gur chuir gníomhaíochtaí daonna thart ar 1.0$^o$C de théamh domhanda os cionn na leibhéal réamh-thionsclaíoch [7]. Chinneadh dá leanfadh na rátaí reatha ar aghaidh, go sroichfeadh an domhan téamh domhanda de 1.5$^o$C de bharr spreagadh daoine faoi 2040.

Breathnaítear go héasca ar thionchair an téimh dhomhanda seo agus áirítear leo méaduithe ar mheán-teochtaí domhanda aeir agus aigéin, leá luathaithe ar shneachta agus oighir mhara, cúlú forleathan oighearshruthanna, meánleibhéal domhanda na farraige ag ardú, agus athruithe fairsinge i bpatrúin aimsire, lena n-áirítear athruithe ar leibhéil báisteach agus déine stoirme méadaithe.

Léiríonn breathnaithe go bhfuil aeráid na hÉireann ag athrú de réir na bpatrún aeráide idirnáisiúnta atá leagtha amach thuas. I measc na n-athruithe fisiciúla réamh-mheasta aeráide tá:

- méadú ar an meánteocht (teocht an aeir dromchla, teocht dromchla na farraige);
- athruithe ar phatrúin báisteach;
- ardú leanúnach ar meanleibhéal na farraige;
- athruithe ar charachtar dhálaí foircneacha aimsire mar stoirmeacha, tuilte, borradh farraige agus maidhm thuile.

## 1.2 Straitéis Oiriúnaithe Aeráide

Leis an phleanáil oiriúnaithe aeráide tá sé mar aidhm againn pobail atá láidir ó thaobh na haeráide a thógáil, chun daoine, éiceachórais, gnólachtaí, bonneagar agus foirgnimh a chosaint ó thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide. Mar Údarás Áitiúil, tá ról tábhachtach ag Comhairle Contae Chorcaí i bpleanáil le haghaidh chásanna éigeandála sa chontae agus freagairt dóibh.

Is í an Straitéis Oiriúnaithe Chontae Chorcaí (2019-2024) seo an chéad chéim de chuid Chomhairle Contae Chorcaí sa phróiseas Oiriúnaithe Aeráide. Leagfaidh an straitéis seo amach na tosaíochtaí straitéiseacha, bearta agus freagairtí an Údaráis Áitiúil maidir le hoiriúnú aeráide sa chontae sna 5 bliana atá romhainn.

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí réimse leathan seirbhísí ar fáil, agus tá cuid mhaith acu buailte cheana féin nó a bheidh buailte le hathrú aeráide . Leanfaidh an tÚdarás Áitiúil lena ról ríthábhachtach ag freagairt go háitiúil ar thionchair na n-imeachtaí drochaimsire agus tionchair eile ar dóigh dóibh teacht chun cinn sna blianta amach romhainn.

Tá Straitéis Oiriúnaithe Chomhairle Contae Chorcaí in aghaidh an chúlra de rioscaí méadaitheacha a bhaineann le hathrú aeráide agus tá sé ag iarraidh na rioscaí seo a laghdú agus a bhainistiú ag leibhéal áitiúil i ngach gníomhaíocht de chuid an údaráis Áitiúil.

## 1.3 Oiriúnú Aeráide & Maolú Aeráide

Is straitéisí tábhachtacha iad maolú agus oiriúnú chun freagairt don athrú aeráide agus is ionann iad is dhá bhealach dhifriúla chun déileáil le hathrú aeráide. Déileálann maolú le cúiseanna an athraithe aeráide agus oibríonn sé chun éifeachtaí dhaondéanta a laghdú ar an gcóras aeráide. I gcodarsnacht leis sin, tagraíonn oiriúnú aeráide do ghníomhartha a glacadh chun éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide a laghdú nó chun leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Sainmhíníonn an Painéal Idir-Rialtasach um Athrú Aeráide (PIAA), 2014 [8], Maolú Aeráide mar

> **“idirghabháil dhaonna chun foinsí gás ceaptha teasa a laghdú nó chun slogaidí gás ceaptha teasa a fheabhsú”**

Go bunúsach tagraíonn sé d’iarrachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a chosc, rud a chuireann teorainn le méid an téimh dhomhanda amach anseo.

Sainmhíníodh an IPPC, i 2013 [9], oiriúnú aeráide mar seo a leanas:

> **“An próiseas chun coigeartú don aeráid iarbhír nó ionchasach agus a éifeachtaí. I gcórais dhaonna, déanann oiriúnú iarracht díobháil a mhaolú nó a sheachaint nó leas a bhaint as deiseanna tairbheacha. I roinnt córais nádúrtha, d’fhéadfadh idirghabháil dhaonna coigeartú ar an aeráid a bhfuiltear ag súil léi, agus a thionchar, a éascú.”**

Is meicníocht phleanála é oiriúnú aeráide chun bearta a dhéanamh go réamhghníomhach agus chun coigeartuithe a dhéanamh chun na tionchair atá ann cheana agus na cinn atá réamh-mheasta ó athrú aeráide a laghdú.

Níl maolú ar athrú aeráide agus Oiriúnú comheisiach ach is comhpháirtithe tábhachtacha iad in aon straitéis chun freagairt don athrú aeráide (Figiúr 1.2). Is féidir le maolú éifeachtach srian a chur ar athrú aeráide agus a thionchair, sa tslí sin is féidir leis an leibhéal oiriúnú a theastaíonn ó phobail a laghdú freisin.

Mar sin féin, tá aga moille suntasach idir gníomhaíochtaí maolaithe agus an t-ionchur a chuireann siad le laghdú ar athrú aeráide. Fiú dá mbeadh laghdú mór tagtha ar astaíochtaí inniu, leanfadh téamh domhanda mar thoradh de na gáis ceaptha teasa atá san atmaisféar fós, agus leanfadh athrú aeráide le blianta fada

Go ginearálta, le níos mó maolaithe beadh níos lú tionchair agus rioscaí don tsochaí, agus mar sin, níos lú ullmhúcháin agus choigeartú ag teastáil. Go contrártha, leis níos mó ullmhúcháin oiriúnú, d'fheadfadh go mbeadh na tionchair a bhaineann le haon athrú aeráide ar leith níos lú.





*Fig. 1.2 Straitéisí chun dul i ngleic le*

## 1.4 Dúshlán um Athrú Aeráide d'Éirinn agus do Chontae Chorcaí

Deir tuarascáil le déanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

> **"Achoimre ar Staid an Eolais faoi Thionchair ar Athrú Aeráide d'Éirinn [10] , go bhfuil" fianaise ann go bhfuil tionchar ag athrú aeráide domhanda ar Éirinn agus go dtugann réamh-mheastacháin ar athrú aeráide sa todhchaí le tuiscint, i ngach cás, go leanfaidh athruithe ar aghaidh, ach tá an éiginnteacht maidir le sonraí orthu seo do thíortha mar Éire fós mór ".**

Braitear tionchair an athraithe aeráide níos suntasaí ag leibhéal áitiúil. Bhí eachtraí drochaimsire i gContae Chorcaí le blianta beaga anuas, lena n-áirítear méaduithe ar eachtraí stoirme, méadú ar imeachtaí tuilte agus tréimhsí triomach fada. Bhí tionchar ag na himeachtaí seo go léir ar shaol agus ar shlite beatha chónaitheoirí agus gnóthaí Chontae Chorcaí. Tugtar achoimre ar na himeachtaí aimsire seo i gCAIBIDIL 3.

# 1.5 Comhthéacs Polasaí Oiriúnaithe

Tá Straitéis Oiriúnaithe Chomhairle Contae Chorcaí suite laistigh de chreat polasaithe ag leibhéal Idirnáisiúnta, Eorpach agus Náisiúnta.

## 1.5.1 Comhthéacs Idirnáisiúnta & Eorpacha

Tá na Polasaithe Idirnáisiúnta & Eorpacha agus Comhaontuithe seo leagtha amach i bhFig 1.3 thíos:

**Polasaithe agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta agus Eorpacha**

**Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide (CCNAAA) 1992**

Is é cuspóir an chreata ná “tiúchain gháis ceaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ar leibhéal a chuirfeadfhcosc ar chur isteach contúirteach antrapaigineach ar an gcóras aeráide”

**Prótacal Kyoto 1997**

Tá an prótacal bunaithe ar phrionsabal na gcomhfhreagrachtaí: admhaíonn sé go bhfuil cumas éagsúla ag tíortha aonair chun dul i ngleic le hathrú aeráide, de bharr leibhéil éagsúla d’fhorbairt gheilleagrach.

**Straitéis Oiriúnaithe an AE-2013**

Is paipéar bán é seo faoi oiriúnú don athrú aeráide i 2009 agus ina dhiaidh sin foilsíodh an Straitéis i 2013. Is é aidhm fhoriomlán an Straitéis Oiriúnaithe an AE ná: cur leis An Eoraip atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de.

**Comhaontú Pháras 2015**

Glacadh le Comhaontú Pháras i 2015. Is é an rud atá i gceist na bPrótacal atá leaghta síos i gcomhthéascs an CCNAAA agus tá se dírithe ar: Teorainn a chur le Téamh Domhanda go dtí níos lú ná 2 chéim os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha agus iarrachtaí a dhéanamh chun méaduithe ar theocht a theorannú go 1.5 céim. Athléimneacht a thógáil agus cur leis an gcumas maolú a dhéanamh ar thionchair an athraithe aeráide.

**Cúnant Domhanda na Méaraí don Aeráid agus d’Fhuinneamh**

Is cur chuige deonach, ó bhun aníos, é seo do Rialtas Áitiúla chun dul i ngleic le hAthrú Aeráide agus bogadh i dtreo sochaí athléimneach íseal-astaíochta. Cuimsíonn an Cúnant Domhanda na Méaraí don Aeráid agus d’Fhuinneamh níos mó ná 9000 cathair agus Rialtas aítiúil. Ta Comhairle Contae Chorcaí mar sínitheoir ó 2012 i leith.

*Fig 1.3 Polasaithe Idirnáisiúnta & Eorpacha agus Comhaontuithe*



In 2015, ghlac tíortha le Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna). Is treoirphlean iad na SFlanna chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tugann siad aghaidh ar dhúshláin dhomhanda a bhaineann le bochtaineacht, éagothroime, gnóimhaíochtaí aeráid, díghrádú comhshaoil, rathúnas, agus síocháin agus ceartas. Tá na Spriocanna idirnasctha agus tá siad idirspleách. Tugann Sprioc Uimh. 13 aghaidh ar Ghníomhú ar son na hAeráide le cuspóir:

**Gníomh práinneach a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus a thionchair trí astuithe a rialáil agus forbairtí i bhfuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn.**

Aithníonn an Sprioc an t-athrú aeráide mar dhúshlán domhanda nach n-urramaíonn teorainneacha náisiúnta agus a éilíonn réitigh a chaithfear a chomhordú ar leibhéal idirnáisiúnta chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha bogadh i dtreo geilleagair ísealcharbóin. Ina theannta sin, tá sé mar bhonn taca ag comhthéacs polasaí agus creataí idirnáisiúnta, Eorpacha agus Náisiúnta a thugann aghaidh ar ghníomhú aeráide agus a leanann iarrachtaí chun dul i ngleic le hathrú aeráide.

## 1.5.2 Comhthéacs Náisiúnta

Ag leibhéal náisiúnta, leagann an Seasamh Polasaithe ar Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (2014) amach an cuspóir náisiúnta chun aistriú go geilleagar ísealcharbóin. Thug An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 éifeacht reachtúil dó. Rinne an tAcht foráil d'fhorbairt Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO), a foilsíodh i mí na Nollag 2017. Éilíonn an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe go bhforbrófaí straitéisí oiriúnaithe earnála agus áitiúla. Féach achoimre na bpolasaithe agus na reachtaíochta náisiúnta go léir thíos:

Tá an straitéis oiriúnaithe seo leagtha amach i gcomhthéacs creata náisiúnta um phleanáil oiriúnaithe atá forordaithe san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 agus a fhoráiltear sa Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe

Tá an straitéis oiriúnaithe seo tiomanta do ailíniú le tiomantais náisiúnta i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide.

Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an próiseas a bhaineann le 8 straitéis oiriúnaithe earnála a dhéanamh (aitheanta sa CNO) ag rith i gcomhthráth le straitéisí údaráis áitiúla a dhéanamh. Nuair a bheidh sé foilsithe, déanfar na pleananna a mheasúnú i gcoinne straitéis Chomhairle Contae Chorcaí d'fhonn comhspriocanna a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar aon réimsí neamhréitigh. Maidir le hullmhú na straitéise seo agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, cuirfear deiseanna chun cinn i gcomhar le húdaráis áitiúla in aice láimhe lena n-áirítear Comhairlí Contae an Chláir, Chiarraí agus Luimnigh chomh maith le Comhairle Cathrach Chorcaí.

Tugann na Treoirlínte Forbartha Straitéis Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil 2018 treoir d'Údaráis Áitiúla chun a Straitéis Oiriúnaithe Gníomhaíochta Aeráide féin a fhorbairt. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag teacht leis na treoirlínte seo leis an straitéis oiriúnaithe seo á forbairt.

**Polasaithe agusReachtaíocht Náisiúnta**

**Polasaí Náisiúnta Aeráide 2014**
Is é aidhm leis an polasaí seo, mar chuspóir bunúsach líonra, ná aistriú chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh an aeráid agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach.

**An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015**
Soláthraíonn an tAcht seo an bonn reachtúil don chuspóir trasdula náisiúnta atá leagtha amach sa Staid Beartais Náisiúnta. Ina theannta sin, rinne sé foráil do, agus thug údarás reachtúil, don Phlean Náisiúnta Maolaithe, foilsithe i 2017, agus don Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe , foilsithe i 2018.

**Plean Náisiúnta Maolaithe 2017**
Rinne an plean seo iarracht Éire a chur ar an mbealach chun leibhéal dícharbónaithe a bhaint amach.

**Creat Náisiúnta Oiriúnaithe 2018**
Leagann sé seo amach na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar Éirinn agus sonraítear ann an straitéis náisiúnta chun príomhbhearta a fhorbairt ag na phríomh earnálacha agus údaráis áitiúla a oiriúnú. Tá an straitéis seo mar chuid den Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta.

**Plean Gníomhaíochta Aeráide 2019 (Arna fhoilsiú ar an 17/6/2019)**
Díríonn atriall reatha an phlean foriomláin seo go príomha ar an ngá le tuilleadh bearta maolaithe a shainaithint chun na spriocanna astaíochtaí gáis cheaptha teasa a leagadh síos do 2030 a bhaint amach ar a laghad.

*Fig 1.4 Reachtaíocht agus comhaontuithe náisiúnta*

### 1.5.3 Comhthéacs Earnála

D'aithin na Creataí Náisiúnta Oiriúnaithe (CNO) dhá earnáil déag ar fud seacht Rannóg / Gníomhaireacht Rialtais chun Straitéisí Oiriúnaithe Aeráide a fhorbairt. Orthu siúd tá gníomhartha lena bheith curtha i bhfeidhm ag leibhéal Rialtais Áitiúil.

| Earnáil | Príomh Roinn |
|---|---|
| Bia Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Talmhaíocht | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Foraoiseacht | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Bithéagsúlacht | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| Oidhreacht Thógtha agus Sean-dálaíochta | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| Bonneagar Iompair | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| Líonraí Leictreachais & Gáis | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil |
| Líonraí cumarsáide | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil |
| Bainistíocht ar Riosca Tuilte | Oifig Oibreacha Poiblí |
| Cáilíocht Uisce | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| Bonneagar Seirbhísí Uisce | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| Sláinte | An Roinn Sláinte |

*Tábla 1.1 Rannóga Rialtais agus Pleananna Earnála [11]*

### 1.5.4 Comhthéacs Áitiúil

Arís, faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe, tá dualgais ar gach Údarás Áitiúil Straitéis Oiriúnaithe Aeráide a fhorbairt don tréimhse 2019-2024. Tá sé de chúram ar Stiúrthóireacht Comhshaoil Chomhairle Contae Chorcaí an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide seo a fhorbairt do Chontae Chorcaí. Úsáidfear na straitéisí seo chun pleananna forbartha agus pleananna agus polasaithe reachtúla eile de chuid an Údaráis Áitiúil a threorú mar aon le hoiriúnú aeráide a phríomhshruthú in oibríochtaí laethúla na nÚdarás Áitiúil. Tabharfaidh na straitéisí áitiúla aird freisin ar na gníomhartha a aithníodh sna dréachtphleananna earnála a bhfuil cur síos orthu i gCuid 1.5.3 thuas.


Is í an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide seo an phríomh-ionstraim ag leibhéal áitiúil chun:

1. Tuiscint cheart a chinntiú ar na phríomhrioscaí agus na leochaileachta a baineann le hathraithe aeráide
2. Gníomhartha atá athléimneach ó thaobh na haeráide a cur i bhfeidhm agus chun cinn ar bhealach pleanáilte agus réamhghníomhach
3. A chinntiú go ndéantar príomhshruthú ar chúrsaí oiriúnú aeráide i ngach plean agus polasaí agus go ndéantar iad a chomhtháthú le gach oibríocht agus feidhm de chuid an Údaráis Áitiúil

## 1.6 Modheolaíocht

### 1.6.1 Réamhrá

Forbraíodh an Straitéis Oiriúnaithe seo ag baint úsáide as próiseas le cúig chéim (Fig 1.5 thíos). Tacaíodh seo le sonraí a bailíodh trí roinnt tionscnamh lena n-áirítear ceardlanna (léirithe thíos), agallaimh, taighde liteartha agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla amhail ORGA, Comhaltaí Tofa agus an tlonad um Fhuinneamh Mara agus In-athnuaite chomh maith le measúnuithe comhshaoil reachtúla. Lean an mhodheolaíocht na cuspóirí agus na próisis atá leagtha amach i dtreoirlínte Straitéise Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil a d'fhoilsigh an Roinn Chumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil i 2018.




*Fhig.1.5 Achoimre ar an bpróiseas cúig-chéime a úsáideadh chun Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chontae Chorcaí a fhorbairt*

### 1.6.2 Foireann Oiriúnaithe Chomhairle Contae Chorcaí

Bhí aeráide ildisciplíneach curtha le chéile ó gach réimse feidhme de chuid Chomhairle Contae Chorcaí chun an Straitéis Oiriúnaithe seo a hullmhú. Bhí an fhoireann seo comhdhéanta de bhaill fhoirne ó rannóga éagsúla, gach ceann acu lena saineolas agus a n-eolas féin acu ar éifeachtaí athraithe aeráide ina gceantair faoi seach. Reáchtáladh roinnt ceardlanna agus cruinnithe chun bonnlíne oiriúnú Chomhairle Contae Chorcaí a mheas agus chun leochaileachtaí agus rioscaí a aithint maidir le himeachtaí aeráide réamh-mheasta

Chomh maith leis an méid thuas, tugadh aird freisin ar dhoiciméid polasaí agus phleanála éagsúla de chuid Chomhairle Contae Chorcaí. Baineadh úsáid as foinsí eile sonraí maidir leis an aeráid, mar shampla Met Eireann, ClimateIreland.ie, EPA, Ionad na Mara agus Fuinnimh In-athnuaite (MaREI), floodmaps.ie chun an próiseas oiriúnaithe a threorú.



*Grianghraf 1.1 Ceardlann d’Fhoireann Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Contae Chorcaí*

## 1.6.3 Measúnú Comhshaoil

Forbhreathnú ar Scagadh do MST:

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Chomhshaoil ar Phleananna agus Chláir, faoi Leith) 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004 arna leasú ag IR Uimh. 200 de 2011). I ngach plean ar a bhfuil seans go mbeadh tionchar suntasach ar an gcomhshaol , ní mór scagadh a dhéanamh chun a fháil amach an dteastaíonn Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST). Is é an rud atá i gceist le "Scagadh" ná próiseas chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an dócha go mbeadh tionchair shuntasacha chomhshaoil ag plean ar leith, agus dá bhrí sin ba ghá MST a dhéanamh. Rinneadh an straitéis seo a scagadh le haghaidh MST agus tá sé cinntithe nach bhfuil gá le MST iomlán. Tá an tuarascáil deiridh scagtha ag gabháil leis an straitéis seo.







*Grianghraif 1.2 Roinnt samplaí de flóra agus fána i gContae Chorcaí a bhfuil tionchar ag athrú aeráide orthu agus faoi réir Measúnú Cuí agus scagadh MST*

Forbhreathnú ar scagtheástáil le haghaidh Measúnú Cuí (AA):

Tugadh faoi scagadh na straitéise seo de réir riachtanais Airteagal 6 (3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43 / CEE) chun a chinneadh an dóigh go mbeidh tionchar suntasach ag an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide ar shuímhanna Natura 2000 (i.e. Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SCA) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta(SPA) laistigh de cheantar an phlean nó mórthimpeall air. Cinntear nach bhfuil gá le Tuarascáil Tionchair Natura chéim a 2.

Tá an tuarascáil deiridh scagtha ag gabháil leis an straitéis seo.


Caibidil 2

# Comhthéacs Réigiúnach Agus Áitiúla

## 2.1 Oifig Réigiúnach Gníomhaíochta Aeráide

Chun na Straitéisí Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a ullmhú, tá an tír roinnte i gceithre réigiún; Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath, an Oirthir agus Lár Tíre, Bord farraige an tAtlantach Deisceart agus Bord farraige an tAtlantach Tuaisceart. Tá na hoifigí réigiúnacha bunaithe ar réigiúin ina bhfuil rioscaí cosúla acu ó athrú aeráide. Tá Comhairle Contae Chorcaí ar cheann de chúig Údarás Áitiúla in Oifig Réigiúnach Gníomhaíochta Aeráide an Atlantaigh Theas (ORGA) a n-airítear na ceantair Údaráis Áitiúla de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cathair Chorcaí, Ciarraí agus an Clár.


Tá rioscaí comhchosúla ag gach Údarás Áitiúil i réigiún an Atlantaigh Theas ó ardú ar leibhéal na farraige, ó thuile cósta, ó stoirmeacha, ó thuile screamhuisce agus ó thuilte báistiúil tuaithe. Is é feidhm an ORGA ná cuidiú le straitéisí oiriúnaithe ar leibhéal contae a hullmhú agus iad a chomhordú. Ceapadh Comhairle Contae Chorcaí mar an phríomh-Údarás Áitiúil don Réigiún ORGA an Atlantaigh Theas.



*Pict.2.1 Léarscáil de na contaetha i réigiún Bord farraige an tAtlantach Deisceart*

## 2.2 Próifíl Contae Chorcaí

Tá Comhairle Contae Chorcaí ar cheann de na hÚdaráis Áitiúla is mó in Éirinn a fhreastalaíonn ar dhaonra 322,211 (6.81% den daonra iomlán) [12] agus tá sí freagrach as limistéar geografach de 7,457 km2 (10.6% d'achar iomlán an Stáit) [13]. Sainaithníonn Plean Forbartha Contae Chorcaí 2014 [14] 302 uimh. Ionnaíochtaí sainithe lena n-áirítear bailte, sráidbhailte agus 7 uimh. oileán sa chontae. Tuairiscítear gur ionainn na limistéir riaracháin den Chathair agus Chontae Chorcaí le chéile 19% den OTI Náisiúnta [15].




*Pict 2.2 Próifíl Contae Chorcaí*

Cuimsíonn cósta Chontae Chorcaí 1,118km, is é sin 20% de chósta na tíre [13]. Cónaíonn 65% de dhaonraí an Chontae ar an gcósta nó in aice leis [14]. Tá ionaid de ghníomhaíocht eacnamaíoch thábhachtach ar an gcósta freisin, amhail Cuan Chorcaí, Scaglann Ola an Gheata Bháin, Críochfort Trasloingsithe Ola Fhaoide agus calafort iascaigh Bhaile Chaisleáin Bhéarra [14]. Tacaíonn réigiún an chósta le go leor cuanta, tránna agus limistéar bithéagsúlachta a bhfuil tábhacht náisiúnta leo. Is é Cuan Chorcaí an calafort is suntasaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus tá ról tábhachtach aige sna hearnálacha fóillíochta, áineasa, oidhreachta agus turasóireachta i gContae Chorcaí. Ina theannta sin, tá 27 tránna atá aitheanta ag Comhairle Contae Chorcaí le haghaidh monatóireachta agus bainistíochta gach bliain de réir na Rialachán um Cháilíocht Uisce Snámha (2000). As na 27 tránna seo, tá stádas an Bhrait Ghlais bainte amach ag 7 dtrá le haghaidh 2018 agus bhain 13 eile amach an gradam Cósta Glas do 2018 freisin [15].

Tá an contae draenáilte go príomha ag dobharcheantair An Abhainn Mhór, Abhainn na Bandan agus an Laoi, a thagann chun cinn in iarthar an chontae agus a shreabhann soir, sula dtéann sé ó dheas agus ag scaoileadh isteach sa Mhuir Cheilteach. Sníonn na haibhneacha atá fágtha lasmuigh de na dobharcheantair seo, mar shampla An Aighlinn, an toghroinn Airgidín agus Abhainn na Cora, ó dheas go dtí an fharraige. Tá 7,593 km d'fhad na habhann ag Contae Chorcaí. Is ionann é sin agus 10% d'fhad iomlán na habhann sa stát [17]. Tá cuid de phríomhbhailte agus lárionaid daonra an Chontae ar an gcósta nó gar dó cosúil le Droichead na Bandan, Beanntraí, Carraig Uí Leighin, Cloich na Coillte, An Sciobairín agus Eochaill, agus tá bailte intíre ar nó gar do na phríomh-aibhneacha mar an Abhainn Mhór (Mainistir Fhear Maí agus Mala) agus an Laoi (Maigh Chromtha). Feidhmíonn BSL ceann de na scéimeanna hidreachumhachta is mó sa tír ar Abhainn na Laoi in aghaidh srutha ó Chathair Chorcaí le taiscumair agus dambaí in Inis Cara agus Carraig an Droichid a bhfuil toilleadh stórála acu de 45 milliún méadar ciúbach [18].

Chomh maith le 6,510 aonad tithíochta poiblí, tá suas le 150 foirgneamh bardasach ag an Údarás Áitiúil a gcuimsíonn a bhfeidhmeanna raon iomlán gníomhaíochta rialtais áitiúil, ó Oifigí Ceantair agus Leabharlanna go Láithreáin Áiseanna Cathartha agus Ionaid Fhóillíochta.

Is é an líonra Bóithre Náisiúnta, atá á bhainistiú ag BIÉ (Bonneagar Iompair Éireann), tá bóithre d'fhad iomlán de 5,306km ar fad, agus tá 445km (8.4%) díobh i limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil. [19]. Tá Comhairle Contae Chorcaí freagrach as na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ina limistéar riaracháin agus, le 1,343 km de Bhóithre Réigiúnacha agus 10,053 km de Bhóithre Áitiúla [20], tá 10.25% agus 12.5% faoi seach de líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an Stáit acu. Maidir le droichid, tá taifid ann do 1,367 droichid ar an líonra. Sin 6.7% de stoc droichid Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an Stáit, measta ag 19,000 droichid [21].

Maidir le Seirbhísí Éigeandála, soláthraíonn Comhairle Contae Chorcaí seirbhís dóiteáin agus tarrthála ó 20 stáisiún dóiteáin atá lonnaithe ar fud an chontae. Tá 11 Láithreán Seveso ar na Sraithe Uachtarach agus 10 Láithreán Seveso ar na Sraithe Íochtarach suite sa chontae [22], an chuid is mó díobh suite i gceantair chósta Rinn an Scidígh agus An tOileán Beag.

I réimse an tsoláthair, aithníonn Comhairle Contae Chorcaí an tábhacht a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil agus na dualgais atá uirthi earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag tacú le agus ag cur i bhfeidhm polasaithe agus tionscnaimh um sholáthar glas maidir le ceannach earraí, seirbhísí, oibreacha agus fóntais ó lá go lá. I measc na bpolasaithe sin tá SPG 4 Gáis atá ina thionscadal Intereg a thugann le chéile comhpháirtithe ó naoi dtír (Éire san áireamh) chun taithí a mhalartú agus chun feabhas a chur ar chumais maidir le polasaithe éifeachtúlachta acmhainní a chur chun feidhme a chuireann éiceanuálaíocht agus fás glas chun cinn trí Sholáthar Poiblí Glas.

I gcás na timpeallachta nádúrtha, deir an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta le haghaidh 2017-2021 [23] go bhfuil fianaise ann go bhfuil tionchar diúltach ag athrú aeráide ar ghnáthóga na hÉireann agus go bhfuil sé ag tiomáint aigéadú aigéin. I gContae Chorcaí tá 30 Limistéar Caomhantais Speisialta, 18 Limistéar Cosanta Speisialta, 9 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha agus thart ar 89 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe [24]. Le méaduithe ionchasacha teochta, athruithe i bpatrúin deasctha,aimsir fhoircneach(stoirmeacha agus tuilte, borradh farraige, maidhm thuile) agus ardú ar leibhéal na farraige beidh tionchar ar raidhse agus ar dháileadh speicis na hÉireann agus d'fheadfadh go leathadh speicis choimhthíocha ionracha, fiailí díobhálach agus lotnaidí a spreagadh. Caithfear breithniú cúramach a dhéanamh ar na limistéir bhithéagsúlachta faoi an chosaint seo le linn pleanáil oiriúnaithe aeráide.

Mar gheall ar mhéid agus ar ghnéithe geografacha an cheantair chomh maith le sócmhainní bonneagair agus freagrachtaí Chomhairle Contae Chorcaí, is mór an tionchar atá ag athrú aeráide ar shaoránaigh, ar an ngeilleagar, ar an gcomhshaol agus ar sheachadadh seirbhísí rialtais áitiúil. Tá sé riachtanach mar sin bearta oiriúnú aeráide a thabhairt isteach chomh luath agus is féidir.

# 2.3 Cás-Staidéar ar Oiriúnú Aeráide Chomhairle Contae Chorcaí

Tá taithí ag Comhairle Contae Chorcaí cheana féin i réimse na pleanála oiriúnaithe agus tá ag éirí go maith léi freagairt a dhéanamh ar imeachtaí aeráide le blianta beaga anuas. Tá samplaí de thionscnamh oiriúnaithe leagtha amach sa mhír seo.

## 2.3.1 Tionscadal Droichead Sealadaí ar Cabhsa Bá na hEornan

Dúnadh cuid den bhóthar ar an gcabhsa atá suite idir An Cruachán / Bá na hEornan agus Carn Uí Néid mar gheall ar thurnamh struchtúir droichid tar éis tuile / báistí i mí Meán Fómhair 2015. Bhí an áit suite i suíomh taoide agus anuas ar sin bhí sé laistigh de Limistéar Caomhnaithe Speisialta freisin, mar sin is staid dheacair a bhí ann. Chuir an cás isteach ar chónaitheoirí áitiúla agus bhí a fhios ag Comhairle Contae Chorcaí dá thosnódh tionscadal buan athsholáthair i rith an tsamhraidh, le dúnadh bóithre riachtanach, chuirfeadh sin isteach ar thrácht turasóireachta. Chun iarracht a dhéanamh gluaiseachtaí tráchta a choinneáil trasna an chabhsa, scrúdaigh Comhairle Contae Chorcaí roghanna malartacha maidir leis an gcabhsa a choimeád ar oscailt don trácht ag baint úsáide as réiteach sealadach gearrthéarmach. Ceapadh réiteach chun an struchtúr atá ann cheana a chobhsú agus chun droichead cruach sealadach a shuiteáil. Mar sin bhí an chomhairle in ann an bóthar a athoscailt do thrácht aonlíne. Fuarthas droichead sealadach sa Ríocht Aontaithe (réise 12m x leithead 5m), a bhí oiriúnach do thrácht feithiclí.

Cuireadh an droichead sealadach i bhfeidhm i mí na Samhna 2015 a chuir ar chumas an bhóthair a athoscailt. Fágadh é seo i bhfeidhm go dtí deireadh shéasúr turasóireachta 2016. Ag an bpointe sin, baineadh an droichead sealadach agus rinneadh an obair dheisiúcháin bhuan. D'athoscail an bóthar do thrácht dhá bhealach i dtosach mí na Nollag 2016Buntáiste a bhí ann leis an gcinneadh chun droichead sealadach a shuiteáil ná go raibh an Chomhairle ábalta na n-oibreacha ar an chabhsa a éascú laistigh de thréimhse ghairid de bheagán seachtaine. Ag deireadh an ghnó, bhí an droichead sealadach ina shócmhainn ar fáil do Chomhairle Contae Chorcaí chun déileáil le cásanna éigeandála, cosúil le droichid nó lintéir intitime, ar ghearr fógra.



*Pict 2.3 Bóthar damáistithe roimh dhroichead sealadach*



*Pict 2.4 Bóthar tar éis suiteáil de dhroichead shealadach*

## 2.3.2 Tionscadal Faoisimh Tuilte Mhala

Tá stair fhada tuile ag Mala, den chuid is mó ón Abhainn Mhór, a ritheann tríd an mbaile. Tá sruthchúrsaí eile ann lena n-áirítear Sruthán Ghleann an Spá a ndéanann fadhbanna tuile freisin, toisc go ritheann sí trí lár an bhaile, go príomha faoi na sráideanna i sraith de lintéir. Tharla tuilte móra i Mala i 1853, 1875, 1948, 1969, 1980, 1988, 1995, 1998, 2004, 2008, 2009 agus 2010. Tharla an tuile is déine i 1853 nuair cartadh droichead an bhaile leis.

Rinne Oifig na n-Oibreacha Poiblí Scéim Faoisimh Tuilte idir 2008 agus 2010 agus chuimsigh sí lintéir, ballaí agus claífoirt nua, cosaintí in-díshuite, stáisiún caidéalúcháin agus ísliú talún ag Droichead Mhala. Nuair a fhaightear rabhadh ón gCóras Réamh Rabhaidh Tuilte a d'fhorbair Oifig na nOibreacha Poiblí, suiteálann foireann Chomhairle Contae Chorcaí cosaintí in-díshuite ag láithreacha riachtanacha chun na huiscí tuile a choinneáil.

Ar chostas € 36.7M, tá Scéim Faoisimh Tuilte Mhala ag feidhmiú go hiomlán le breis agus 5 bliana agus mar thoradh air sin:

- caillteanas eacnamaíoch laghdaithe do thrádálaithe leochaileacha,
- damáiste laghdaithe do mhaoin chónaithe agus tráchtála,
- Laghdú ar cur isteach sóisialta ar an ngeilleagar áitiúil
- Laghdú ar cur isteach agus moill ar thrácht sa bhaile.



*Pict. 2.5 Mala i dtuile*



*Pict 2.6 Cosaint in-díshuite le linn teagmhas tuile*

## 2.3.3 Sciúradh Dhroichid i gContae Chorcaí

Rinne Comhairle Contae Chorcaí suirbhé maidir le coinníoll droichid. Rinneadh é de réir chaighdeáin Chóras Bainistíochta Droichead Eirspan idir 2012 agus 2014. Thaispeáin an suirbhé seo méid suntasach damáiste do roinnt teanntaí agus piara droichid mar thoradh ar ghníomh sciúrtha. Is é an rud atá i gceist le sciúradh ná próiseas ina n-ídítear leibhéal ghrinneall na habhann mar gheall ar ghníomhaíocht an tsreafa uisce, rud a fhágann bunsraitheanna droichid nochta, mar a thaispeántar i bhFig.2.1





*Fig 2.1 Sciúradh Dhroichid ag Piara agus teannta [25 ]*

Léirigh anailís ar an bhfaisnéis ón suirbhé seo go raibh teip dhroichid ag 62% de na droichid a ndearnadh damáiste criticiúil dóibh i gContae Chorcaí de bharr sciúrtha i gcomparáid le 15.51% [26], 25% [27] agus 20.65% [28] ó staidéar idirnáisiúnta eile den chineál céanna.

Tháinig na torthaí ar an gconclúid gur saincheist ar leith a bhí i sciúradh i gceantar Chorcaí agus gur toradh suntasach é ar athrú aeráide mar thoradh ar bháisteach déine méadaithe agus sruthanna níos mó. Ag leanúint ón suirbhé seo, rinneadh oibreacha feabhais ar roinnt droichid agus ar struchtúir ghaolmhara i gContae Chorcaí. Tá sampla de seo ar an L6822 Droichead Bhaile Ghrogáin, An Ráth Dhubh, áit ar tógadh leac urláir agus sciortaí sciúradh chun an droichead a athneartú agus chun damáiste sa todhchaí a mhaolú ó ghníomh sciúrtha.



*Pict 2.7 Damáiste sciúradh ar Dhroichead Bhaile Ghrogáin*



*Pict 2.8 - Leaba abhann nua agus sciortaí sciúrtha suiteáilte*

## 2.3.4 Oibreacha Cosanta Cósta ar Thrá Garrettstown

Tá trá Garrettstown suite thart ar 9km ó dheas ó Chionn tSáile. Is éard a bhí sa suíomh seo ná ballaí farraige, ciseáin gabion, armúr carraige agus claífoirt mar bhearta cosanta cósta. Le linn na stoirmeacha i 2014, áfach, rinneadh damáiste mór do na ciseáin gabionanna agus bhí gá le bearta cosanta cósta eile a fhiosrú.

I mí an Mheithimh 2017, chuir Comhairle Contae Chorcaí córas cosanta cósta ECAB (Bloc Armúr Rialaithe Creimthe) isteach chun dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le creimeadh cósta agus le tuilte ag an suíomh seo. Déantar an ECAB ó mheascán de Ghnáth-Stroighne Portland (OPC) agus de Shlaig Fhoirnéise Soinneáin Gránaithe (GGBS). Ligeann an córas seo don choincréit bailchríoch dhatha níos éadroime a bhaint amach; tá an cineál coincréit seo níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, níos láidre agus níos marthanaí ann. Leis an dath níos éadroime is féidir na bloic ECAB a mheaitseáil leis an gaineamh áitiúla ceadaíonn na poill san ECAB fásra dúchasach mar muiríneach fás idir eatarthu agus tugann sé sin achomharc aeistéitiúil agus bithéagsúlachta a fheabhsú.

Dearadh an t-athchóiriú seo de chuid an ECAB go príomha chun an bóthar réigiúnach (R604) a chosaint ó bheith sáraithe. Mar thoradh den sárú thar airde an bhóthair bhí gaineamh agus smionagar trá eile ag scaipeadh trasna an bhóthair, rud a chuir srian ar ghluaiseachtaí tráchta sa cheantar. Le linn an gheimhridh tharla sé seo go coitianta agus bhí ar Chomhairle Contae Chorcaí an bóthar a ghlanadh arís agus arís eile ar chostas cuíosach mór. Tá sé léirithe freisin go bhfuil an t-athchóiriú sraod-bhalla seo thar a bheith diongbháilte nuair a dhéantar tástáil air le linn stoirmeacha i gcomparáid leis na bolláin armúr carraige traidisiúnta ar féidir iad a easáitiú i gcoinníollacha cosúla.



*Pict 2.9 Trá Garretstown i ndiaidh stoirm & roimh oibreacha cósta*




*Pict.2.10 - Sraod-bhalla ECAB i bhfeidhm ag trá Garretstown*

## 2.3.5 Córas Bainistíochta Fuinnimh i gComhairle Contae Chorcaí

Faoin bPlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Náisiúnta (NEEAP), tá sprioc feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh leagtha síos ag Comhairle Contae Chorcaí de 33% ar fhigiúirí éifeachtúlachta fuinnimh 2009 faoi 2020. Go dtí seo baineadh amach feabhsú de 20.8%. Tugann an dara Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh in Éirinn go 2020 (NEEAP II) ról eiseamláireach d'Údaráis Áitiúla, lena n-áirítear údaráis áitiúla a bhfuil caiteachas fuinnimh níos mó ná € 5m acu chun a bheith Comhlíontach ISO 50001.

Tá ISO 50001 bunaithe ar shamhla feabhsaithe leanúnach an chórais bhainistíochta a úsáidtear freisin do chaighdeáin eile aitheanta mar ISO 9001 nó ISO 14001. I mí na Bealtaine 2016, tháinig Comhairle Contae Chorcaí chun tosaigh mar an chéad Údarás Áitiúil in Éirinn le deimhniú ISO 50001-2011 a bhaint amach dá Chóras Bainistíochta Fuinnimh agus arís i 2019 bhí Comhairle Contae Chorcaí ina gcéad Údarás Áitiúil lena bheith deimhnithe mar ISO 50001-2018. Is é an tairbhí a bhaineann le deimhniú ná go bhfuil córas bainistíochta fuinnimh struchtúraithe ann, é a chur chun cinn i measc na foirne agus cultúr dea-chleachtas a spreagadh. Is féidir leis na sonraí a thiomsaítear mar chuid den chóras seo cabhrú freisin le buneolas fuinnimh a bhunú i gcomhthéacs na straitéise seo agus córas a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn mar gheall le laghdaithe fuinnimh.

I 2018, b'ionann soilsiú poiblí agus 54% d'úsáid fhuinnimh laistigh den Údarás Áitiúil (Fig 2.2). Agus é sin san áireamh, tá Comhairle Contae Chorcaí ag glacadh páirt i dTionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Náisiúnta. Is plean uaillmhianach é agus an aidhm atá bainte leis ná thart ar 30,000 solas a aisfheistiú ar fud Chontae Chorcaí. Nuair a bheidh sé seo críochnaithe beidh tionchar mór aige ar úsáid fhoriomlán fuinnimh an Údaráis Áitiúil agus cabhróidh sé lenár spriocanna laghdaithe fuinnimh a bhaint amach.




*Fíor 2.2 Úsáideora fuinnimh Shuntasach / Príomhfhuinnimh Chomhairle Contae Chorcaí 2018*



Caibidil 3

# Measúnú Bunlíne Oiriúnaithe

## 3.1 Réamhrá

Is é cuspóir na bunlíne ná na dúshláin a bhaineann le guaiseacha aeráide reatha a thuiscint. Cabhraíonn athbhreithniú ar imeachtaí aeráide úrnua le húdaráis áitiúla réamh-mheas a dhéanamh ar imeachtaí aimsire sa todhchaí agus ullmhú dóibh. Tá an próiseas seo ríthábhachtach chun an straitéis oiriúnaithe aeráide a fhorbairt de réir mar a fhreagraíonn sí d'éifeachtaí imeachtaí aeráide ar leibhéal áitiúil.

## 3.2 Measúnú Bunlíne

Rinneadh athbhreithniú ar imeachtaí aeráide a raibh tionchar acu ar Chontae Chorcaí ag úsáid sonraí ó Met Éireann [29] mar aon le sonraí a bailíodh ó cheardlanna agus taighde áitiúil. Ní liosta iomlán é seo ach tá sé i gceist smaoineamh a thabhairt ar eachtraí drochaimsire ar dhéileáil Comhairle Contae Chorcaí leo le blianta beaga anuas.

Le gach teagmhas aeráide tagann tuiscint ar leibhéal na hintuarthachta atá i gceist. Mar sin féin, rachaidh an t-eolas agus an taithí a fuarthas ó na teagmhais sin ((lena n-áirítear faisnéis ó go leor earnálacha M.Sh. Met Eireann, an OOP srl) chun tairbhe don phleanáil agus don ullmhacht sa todhchaí agus cuideoidh athbhreithniú leanúnach ar eachtraí foircneacha le athléimneacht a thógáil agus le cosc a chur ar na rioscaí is measa.

| Imeachtaí aimsire foircneacha | Sonraí |
|---|---|
| Tuilte cósta | • Feabhra 2002: Tuile Chathair Chorcaí |
| Stoirmeacha cósta | • Feabhra 1990: Séidí troma agus báisteach throm<br>• Eanáir 1993: Séidí troma agus báisteach throm |
| Teas foircneach | • Samhradh 1995: An aimsir is teolaí ó 1955<br>• Samhradh 2006: An aimsir is teolaí ó 1995<br>• Samhradh 2018: Coinníollacha ard teochta & triomaigh |
| Báisteach foircneach | • Samhain 2009: 55mm Iomlán 1 lá taifeadta i mBaile Bhuirne<br>• Meitheamh 2012: 58mm Iomlán 1 lá taifeadta i nDroichead na Bandan |
| Tuilte abhann | • Samhain 2000: An Laoi<br>• Lúnasa 2008: An Abhainn Mhór<br>• Feabhra 2014: An Laoi<br>• Nollag 2015: Abhainn na Bandan |
| Coinníollacha reo | • Nollag 2010: taifeadta i gCorcaigh - 7.2 céim<br>• Márta 2018 - Stoirm Emma - 7.0 céim taifeadta ag Aerfort Chorcaí |
| Tuilte screamhuisce | • Eanáir 2016: N25 tuile idir Cill La agus Baile na Martra |
| Sneachta trom | • Eanáir 1987: 12cm sneachta ag Rinn an Róistigh<br>• Márta 2018: 14cm sneachta ag aerfort Chorcaí - An Torathar ón Oirthear (Beast from East) & Stoirm Emma |
| Tuile shuntasach | • Meitheamh 2012: Dúglas<br>• Lúnasa 1997: Cillín an Chrónáin |
| Gaotha fórsa stoirme / stoirmeacha gaoithe | • Feabhra 1988: Séideáin de os cionn 84 muirmhíle taifeadadh ag Aerfort Chorcaí<br>• Eanáir 1991: Séideáin de os cionn 68 muirmhíle taifeadadh ag Rinn an Róistigh<br>• Deireadh Fómhair 2017: Hairicín Ophelia. |

*Table 3. 1- Imeachtaí drochaimsire i gCorcaigh 1987-2018*






*Fig 3.1 - Imeachtaí drochaimsire i gCo. Chorcaí 1987-2018*




Ag féachaint do Thábla 3.1 agus do Fig 3.1 thuas, is léir gurbh iad na príomhchatagóirí d'imeachtaí drochaimsire ná tuilte (cósta, aibhneach, agus báistiúil), agus gurb é tuilte aibhneach an ceann is coitianta. Ina dhiaidh sin tá stoirmeacha gaoithe agus stoirmeacha cósta agus tá cosúlacht ghinearálta ann i líon na gcineálacha imeachtaí eile.

De réir An Creat um Bainistíocht Mòr éigeandála [30], tá Plean Cuimsitheach Éigeandála i bhfeidhm ag Comhairle Contae Chorcaí chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann ag gach leibhéal ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus go gcuirtear tús le gníomhartha cuí ar bhealach tráthúil agus éifeachtach chun déileáil le mór éigeandálaí. Tá an Plean, a déanann cur síos ar ghníomhartha atá ag teastáil i gcás drochaimsir agus tuilte, tagtha i bhfeidhm ar roinnt ócáidí, agus is iad Hurricane Ophelia i nDeireadh Fómhair 2017 agus Storm Emma i mí an Mhárta 2018 an gníomhachtú is déanaí.

Caibidil 4

# Sainaithint Ar Riosca Aeráide

# 4.1 Sainaithint ar Riosca Aeráide

Agus riosca aeráide á aithint, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil riosca bunaithe ar réamh-mheastacháin agus dá bhrí sin go dteastaíonn nuashonrú rialta uaidh. Tá na príomhrioscaí a bhaineann leis an aeráid leagtha amach thíos agus tá an méid seo a leanas ina chuntas ar na héifeachtaí féideartha ar phríomhréimsí oibríochta an Údaráis Áitiúil mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Forbartha Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil [11]. Maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag imeachtaí dá leithéid i bhfeidhm ar limistéir oibríochtúla Chomhairle Contae Chorcaí, áirítear roinnt samplaí.

# 4.2 Athróga Aeráide agus Riosca Aeráide

I bhfianaise na bhfoinsí atá ar fáil, rinneadh imscrúdú ar athruithe breathnaithe agus réamh-mheasta i seacht n-athróg aeráide. Tá achoimre orthu thíos, agus aithnítear rioscaí aeráide amach anseo:

| 4.2.1 Hidreolaíocht | |
|---|---|
| Breathnaithe | Tá an anailís ar shruthanna aibhneacha casta agus faoi réir inathraitheachta móra agus mar thoradh de sin, is deacair tionchair an athraithe aeráide a aithint. I gcás Éireann don tréimhse ó 1954 go 2008, bhí leitheadúlacht de treochtaí laghdaitheacha ar meán-shruthanna an tsamhraidh, agus le linn an gheimhridh bhí leitheadúlacht de méadú ar meán-shruthanna. Tá shreabha ard an geimhridh agus bliantúla faoi ceannasach treochtaí méadaitheacha [31].<br><br>D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag samhraí níos tirime ar bhun shreabha samhraidh aibhneacha i gCorcaigh agus an athluachú de uiscíoch bunúsach. Tá impleachtaí aige seo ar sholáthar uisce óil faoi mar a bhí le feiceáil i go leor áiteanna sa chontae le linn na tréimhse fada triomach i Samhradh 2018. |
| Réamh-mheasta | Beidh tionchar ag athruithe teochta agus deasctha ar fhreagairt hidreolaíoch. De bharr na héiginnteachtaí a bhaineann le hathruithe réamh-mheasta i deasctha , tá na hathruithe réamh-mheasta ar fhreagairt hidreolaíoch fós faoi réir leibhéal ard neamhchinnteachta. Cinnfear freagairt na ndobharcheantar aonair de réir saintréithe na ndobharcheantar aonair (m.sh. dobharcheantair screamhuisce in aghaidh dobharcheantair uisce dromchla). Mar shampla, níl laghduithe samhraidh do dhobharcheantair screamhuisce chomh dhian leis na cinn a réamh-mheastar le haghaidh dobharcheantar uisce dromchla [32]. Ag baint úsáide as samhlacha tionchair rith chun srutha is léir go bhfuil séasúracht mhéadaitheach i réisímí hidreolaíoch ag dul i méid agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar shreabhadh an gheimhridh agus an t-earraigh agus go laghdófar sa samhradh. Táthar ag súil le méadú 20% ar an méid uisce a shreabhann le linn gheimhreadh trí aibhneacha le haghaidh an chuid is mó den dobharcheantar faoi lár-deireadh an chéid, agus i rith an tsamhraidh, tá ionsamhlú a thaispeánann laghduithe os cionn 40% (iad siúd nach bhfuil ach beagán stórála screamhuisce iontu) don deireadh an chéid [32] [33]. Tá sé dóchúil go mbeidh baol méadaithe tuile mar thoradh ar mhéaduithe réamh-mheasta ar shreabha geimhridh chomh maith le méaduithe dóchúla ar theagmhais fhrasaíochta an-mhór. Mar sin féin, beidh am freagartha dobharcheantair ríthábhachtach chun nádúr athraitheach na ndálaí foircneacha a chinneadh, agus is dóichí gurb iad na habhantracha le hamanna freagartha tapaigh is mó a bheidh i mbaol. |

| | |
|---|---|
| Achoimre ar Athrú | Táthar ag súil le séasúracht mhéadaitheach i gcórais hidreolaíocha le laghdú sa samhradh agus is dócha go mbeidh sruthanna geimhridh méadaithe.<br><br>Méadóidh baol tuilte mar gheall ar mheascán de shruthanna abhann níos airde agus méadú i n-imeachtaí deascadh foircneach. Tugtar “imeachtaí comhcheangailte” air seo agus is dócha go mbeidh ról níos mó acu in imeachtaí aeráide sa todhchaí. Sampla amháin de seo ná taoidí arda mar aon le himeachtaí abhann agus báistiúla go háirithe i sroicheann íochtair na Laoi agus an Chuain Íochtarach. Bheadh tionchar sonrach aige seo ar lonnaíochtaí ar nós Chathair Chorcaí agus an ceantar máguaird. |
| Rioscaí Aeráide a Aithníodh | Tuilte screamhuisce, is é sin screamhuisce ar an dromchla gan a bheith in aice le aon chainéil abhann agus sruthchúrsaí, faoi choinníollacha ina sáraítear na gnáth réimsí de leibhéal agus sreabhadh screamhuisce. Is dóigh go mbeidh sé seo níos measa i gceantair in aice le inbhir, áit a bhfuil tionchar ag taoide ar uisce talún.<br><br>Tuilte báistiúla, nó uisce dromchla, a eascraíonn as sreabhadh thar talún a ghintear ó bháisteach, a d’fhéadfadh tarlú le linn imeachtaí báistí dian nó díreach tar éis don rith chun srutha dul isteach i sruthchúrsa nó córas draenála. Bhí sé seo soiléir i Dúglas i 2012 agus i Cillín an Chrónáin i mhí Lúnasa i 1997.<br><br>Tuile abhann, a tharlaíonn nuair a bhíonn báisteach iomarcach ina chúis le habhainn a bheith níos mó ná a cumas. Bhí sé seo le feiceáil i máguaird Chathair Chorcaí leis an Laoi ag dul thar acmhainn i 2000 agus i 2014 agus in áiteanna eile sa Chontae, Abhainn na Bandan i 2015 agus an Abhainn Mhór i 2008. |

## 4.2.2 Báistí

| | |
|---|---|
| Breathnaithe | Ar fud na tíre, tá méadú tagtha ar meán mhéideanna báistí bliantúla, tuairim is 5%, i gcomparáid le tréimhse bunlíne 1961-1990 agus an méadú seo le feiceáil thar gach séasúr. Mar sin féin, tá éagsúlacht spásúil le báisteach ó thaobh déine agus méideanna gan aon treo soiléir athraithe fós le feiceáil [34]. Tharla eachtraí tromchúiseacha báistí i gContae Chorcaí, amhail taifead de 55mm a thomhaistear i lá amháin i mBaile Bhuirne i mí na Samhna 2009 agus taifead de 58mm a thomhaistear i lá amháin i nDroichead na Bandan i Meitheamh 2012. |
| Réamh-mheasta | Níl na réamh-mheastacháin deascadh chomh cinnte agus iad siúd le haghaidh teochta agus nuair a scrúdaítear iad ar bhonn aonair, léiríonn na samhla aeráide patrúin teamparálta agus spásúla éagsúla. Mar sin féin, tugann na réamh-mheastacháin léiriú láidir ar an séasúracht mhéadaithe le geimhreadh níos fliche agus samhraí níos tirime féideartha[35] [36] [37] [38]. Maidir le héagsúlachtaí spásúla, tá leibhéal easaontais idir samhlacha aeráide aonair agus mar thoradh de sin ní mheastar sonraí spásúla a bheith iontaofa [38]. De réir mar a mhéadaíonn teochtaí domhanda, meastar go n-éireoidh an timthriall hidreolaíoch níos déine agus go dtarlóidh imeachtaí deasctha níos déine [4]. I gcás na hÉireann, léiríonn athruithe réamh-mheasta i minicíocht laethanta an-fhliuch (> 20 mm deascadh) méadú suntasach don gheimhreadh (thart ar 20%) [38]. |

| | |
|---|---|
| Achoimre ar Athrú | Is féidir a bheith ag súil le séasúracht mhéadaithe i deascadh agus dóchúlacht go mbeidh samhraí níos tirime ann.<br><br>Dóchúlacht go dtarlóidh méadú ar theagmhais agus ar mhéid na n-eachtraí báistí. |
| Rioscaí Aeráide a Aithníodh | Tuilte screamhuisce<br>Tuilte báistiúla<br>Tuilte abhann |

## 4.2.3 Ardú Leibhéal na Farraige

| | |
|---|---|
| Breathnaithe | Tugann breathnaithe le fios go bhfuil méadú de thart ar 3.5cm gach deich bhliain ar leibhéal na farraige timpeall na tíre ó na 1990 í luaithe, rud a chiallaíonn méadú de suas le 7.0cm idir 1990 agus 2015 [39]. |
| Réamh-mheasta | Réamh-mheastar méadú ar leibhéil dhomhanda farraige de 0.2% go 0.55m ar an leibhéal astaíochtaí ísle agus 0.52 go 0.98 don chás ard-astaíochtaí [4].<br><br>Áfach, de bharr an tuiscint theoranta ar roinnt de na héifeachtaí tábhachtacha a chuireann le rátaí méadaithe, ní féidir meastachán is fearr a dhéanamh go muiníneach as ardú ar leibhéal na farraige, agus tá meastacháin de suas le 4 go 6 m réamh-mheasta ag roinnt samhlacha [ 40].<br><br>Is cosúil go dtiocfaidh dlús leis an treocht sna blianta amach romhainn le méaduithe réamh-mheasta de 81 cm faoi dheireadh an chéid [9]. Le 65% de dhaonra Chontae Chorcaí ina chónaí ar an gcósta nó in aice leis, tá Éire an-leochaileach [14]. |
| Achoimre ar Athrú | Meastar go dtiocfaidh méadú ar leibhéil na bhfarraige i ngach limistéar cósta in Éirinn. |
| Rioscaí Aeráide a Aithníodh | Tuilte cósta, a tharlaíonn de gnáth nuair a bhíonn talamh íseal tirim, tuilte le uisce na farraige. Creimeadh cósta, tarlíonn an próiseas seo nuair atá ábhar a bhaint as an gcósta mar gheall ar éagothroime i soláthar agus onnmhairiú ábhair ó áiteanna áiritheTarlaíonn sé i bhfoirm sciúradh ag bun na n-aillte nó na ndumhcha agus is cúlú an chósta mar thoradh air.<br><br>Aithnítear go n-athróidh córais chósta agus dhinimic dhríodair de bharr athruithe aeráide. Mar thoradh ar na méaduithe réamh-mheasta i stoirmeacha agus athruithe ar ghníomhaíocht na dtonn, méadófar leibhéil creimeadh cósta, iompar agus sil-leagan dríodar |

## 4.2.4 Teocht na Mara

| | |
|---|---|
| Breathnaithe | Tá na farraigí timpeall na tíre ag téamh ag ráta 0.60 C in aghaidh na ndeich mbliana ó 1994, rud nach bhfacthas riamh roimhe sa taifead breathnóireachta 150 bliain. Breathnaíodh an téamh is mó thar Mhuir Éireann [41]. |
| Réamh-mheasta | De réir athruithe domhanda, meastar go leanfaidh na farraigí timpeall na hÉireann ag téamh sna blianta amach romhainn. Léiríonn athruithe réamh-mheasta do Mhuir Éireann go bhfuil téamh ann do gach séasúr leis an téamh is airde san Fhómhar agus na cinn is ísle san Earrach [30]. Mar sin féin, de bharr ar líon teoranta réamh-mheastacháin ar shamhail aeráide tá na hathruithe réamh-mheasta neamhchinnte go fóill<br><br>Le leibhéil $CO_2$ méadaitheach san atmaisféar, meastar go méadóidh aigéadacht aigéin le tionchair fhéideartha ar na líonraí bhia mara. |
| Achoimre ar Athrú | De réir treochtaí domhanda, táthar ag súil go leanfaidh na farraigí timpeall na hÉireann ag téamh. |
| Rioscaí Aeráide a Aithníodh | Tuilte cósta<br>Creimeadh cósta<br>Éifeachtaí ar bhithéagsúlacht mhuirí |

## 4.2.5 Teocht Aeir Dromchla

| | |
|---|---|
| Breathnaithe | Léiríonn breathnaithe go bhfuil méadú 0.8 ° C ar theocht dromchla na hÉireann ó 1900. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na laethanta te agus tá laghdú tagtha ar líon na laethanta sioc [42]. |
| Réamh-mheasta | Meastar go dtiocfaidh méadú ar mheán teochtaí aeir i ngach áit agus i gcás gach séasúir i gcoibhneas leis an lá ata inniu ann [38]. Le teochtaí aeir atá ag dul i méid, táthar ag súil le méadú ar dhéine agus ar ré na dtonnta teasa, agus is dócha go dtarlóidh na laethanta sioc go laghdú ag an am céanna [38]. Tugann réamh-mheastacháin le fios go meastar go méadóidh an 5% is teolaí de theochtaí uasta an tsamhraidh (TMAX 95%) níos láidre ná na meán teochtaí séasúracha i formhór na réigiún ag fáil méadú i TMAX 95% de 0.7 go 2.6 ° C [38] |

| | |
|---|---|
| Achoimre ar Athrú | Meastar go méadóidh teochtaí aeir dromchla i ngach áit i gcomparáid leis an lá atá inniu ann<br>Táthar ag súil le méadú ar dhéine agus fad na dtonnta teasa |
| Rioscaí Aeráide a Aithníodh | Tonnta teasa (arna sainiú ag Oifig Met na RA mar cás ina sáraíonn an Uas-teocht laethúil an meánteocht uasta de 5 ° C le níos mó ná cúig lá as a chéile, an gnáth-thréimhse idir 1961-1990) [43]. D'fhéadfadh go mbeadh triomach trom agus stoirmeacha toirní foréigneacha mar thoradh orthu seo a théann i bhfeidhm ar shláinte an duine, ar bhonneagar fisiciúil agus ar leibhéil uisce abhann, agus d'fhéadfadh go mbeadh tinte foraoise mar thoradh orthu freisin. D'fhéadfadh teochtaí níos airde agus laethanta níos teo méadú ar strus nó tnáitheadh a bhaineann le teas, agus le sin tagann gá le freagairt éigeandála á mhéadú do dhaoine soghonta laistigh de phobail. Tá pobail iargúlta soghonta go háirithe<br><br>Beidh níos mó dálaí foircneacha aeráide - Beidh tionchar ag athruithe in athraitheacht báistí agus minicíocht mhéadaithe na dtonnta teasa ar speicis dhúchasacha, spreagfaidh siad galair, fiailí díobhálacha, lotnaidí agus speicis ionracha, a chaithfear siúd a bhainistiú go cuí.<br><br>Coinníollacha reo: táthar ag súil le níos lú laethanta sioc agus teochtaí níos séimhe i rith na hoíche<br><br>Seans go mbeadh séasúr fáis níos faide i gceist, a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do tháirgeadh talmhaíochta. |

## 4.2.6 Tonnta agus Borrtha

| | |
|---|---|
| Breathnaithe | Léiríonn anailís ar shonraí satailíte don tréimhse ó 1988 go 2002 go bhfuil méadú ginearálta ar airde na dtonnta san Atlantach Thoir Thuaidh [44]. |
| Réamh-mheasta | Léiríonn réamh-mheastacháin go bhfuil méadú tagtha ar stoirmeacha cósta agus borradh san earrach agus sa gheimhreadh do gach cuid de chósta na hÉirinn, ach amháin an iardheisceart. Mar sin féin, tá an mhuinín sna réamh-mheastacháin seo teoranta mar gheall ar líon beag teoranta de samhlacha aeráide [45] [46]. |
| Achoimre ar Athrú | Meastar go méadóidh méid agus déine airde na dtonnta stoirme san earrach agus sa gheimhreadh |
| Rioscaí Aeráide a Aithníodh | Tuilte cósta<br>Creimeadh cósta. |

## 4.2.7 Gaoth

| | |
|---|---|
| Breathnaithe | I gcás Éirinn, léiríonn na breathnaithe go bhfuil ardleibhéal athraitheacha bliantúil i luasanna gaoithe agus, mar gheall ar easpa comhghaoil sna sonraí atá ar fáil, ní féidir anailís a dhéanamh ar threochtaí fadtéarmacha go muiníneach go fóill [47]. |
| Réamh-mheasta | De bharr an líon beag teoranta de réamh-mheastacháin ar shamhail aeráide do luas na gaoithe atá ar fáil , tá na réamh-mheasa fós neamhchinnte agus tá gá le tuilleadh oibre chun muinín a mhéadú ina gcuid aschur. Mar sin féin, léiríonn na réamh-mheastacháin atá ar fáil a dhíríonn ar luasanna gaoithe 60m, gnáth-airde na dtuirbíní gaoithe, méadú ar luas na gaoithe le linn an gheimhridh agus laghdú i rith an tsamhraidh (laghdú 3-15%) [35] [36] [37]. Mar thoradh ar athruithe sna réigiúin fhorbartha agus ar rianta cioclóin trópaiceacha, táthar ag súil le laghdú ar mhinicíocht na stoirmeacha gaoithe troma a théann i bhfeidhm ar Iarthar na hEorpa. Mar sin féin, léiríonn réamh-mheastacháin méadú ar dhéine stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha [38]. |
| Achoimre ar Athrú | Léiríonn réamh-mheastacháin laghdú ar luas na gaoithe don samhradh agus méaduithe don gheimhreadh.<br><br>Táthar ag súil le méadú ar dhéine na stoirmeacha gaoithe tromchúiseacha. |
| Riosca Aeráide a Aithníodh | Stoirmeacha gaoithe nó gaotha arda, a shainmhínítear mar a bhfuil luas gaoithe níos mó ná 50 km / uair acu,  arb ionann é agus Fórsa 7 (28-33 muirmhíle) ar an scála fórsa gaoithe Beaufort. |

# 4.3 Beartú Tosaíochta de Riosca Athrú Aeráide

Ríomhtar an riosca aeráide don todhchaí trí mhuinín san teilgean a chomhcheangal (i.e. an leibhéal muiníne atá inchurtha i leith réamh-mheastacháin an athraithe san athróg aeráide) leis an iarmhairt tionchair le teacht (i.e. an leibhéal measta cur isteach ar seirbhíse sa todhchaí) [48]. Forbraítear scála barúlach do gach paraiméadar mar a thaispeántar i bhformáid mhaitrís i bhFig 4.1 agus ríomhtar an riosca aeráide don todhchaí ag baint úsáid as an chothromóid:

**Riosca aeráide sa todhchaí = Muinín san Teilgean X Iarmhairtí an tionchair sa todhchaí**

| FUTURE CONSEQUENCE | | PROJECTION CONFIDENCE: LOW 1 | LOW/ MED. 2 | MEDIUM 3 | MED./HIGH 4 | HIGH 5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGLIGIBLE | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 |
| MINOR | 2 | 1 | 1 | 2 | 2 | 3 |
| MODERATE | 3 | 2 | 2 | 3 | 3 | 4 |
| MAJOR | 4 | 3 | 3 | 4 | 4 | 5 |
| CRITICAL | 5 | 4 | 4 | 5 | 5 | 5 |

*Tábla 4.1 Maitrís Riosca Aeráide [44]*

Ceadaíonn ríomh ar an riosca aeráide sa todhchaí do gach rangú athróg agus beartú tosaíochta rioscaí mar a thaispeántar i dTábla 4.2. Tugtar luachanna scála leis na sainmhínithe seo a leanas ar thosaíochtaí riosca na todhchaí [48]:

| Rangú ar muiníne réamh-mheastacháin | Iarmhairt sa Todhchaí | Sainmhiniú |
|---|---|---|
| 5 | **Criticiúil** | Ní glacfar leis mar chuid de ghnáthaimh oibriúcháin (neamh-oiriúnaithe); aird phráinneach ag an leibhéal is sinsearaí ag teastáil; caithfear bearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm a d'fheidhmeodh chun riosca a laghdú agus caithfear gníomhú orthu láithreach |
| 4 | **Mórchúiseach** | Is féidir glacadh leis mar chuid de ghnáthoibríochtaí sa chás gur sainaithníodh bearta oiriúnaithe agus go bhfuil siad indéanta láithreach, is gnáthamh é monatóireacht / réamhrabhadh ar an riosca agus tuigtear go maith an cineál riosca; ní mór an bhainistíocht shinsearach a chur ar an eolas faoi stádas agus éabhlóid an riosca le himeacht ama. |
| 3 | **Measarthach** | D'fhéadfadh sé a bheith mar chuid de ghnáthoibríochtaí, ach ba chóir sceideal le haghaidh oiriúnú don todhcaí a bheith i bhfeidhm, le himscrúdú críochnúil ar aon frama ama agus / nó céimeanna fasaigh a bheadh ag teastáil roimh na bearta oiriúnaithe a bheith indéanta. |
| 2 | **Mionchúiseach** | Is dócha go bhfanfaidh sé mar chuid de ghnáth oibríochtaí; ba cheart prótacal monatóireachta agus breathnóireachta a shannadh dó; is leor na rialuithe atá ann cheana agus ní bheidh gá le gníomh breise mura dtarlaíonn athrú suntasach |
| 1 | **Diomaibhseach** | Ní bheidh gá le gníomh breise sa ghearrthéarma mura dtarlaíonn athrú suntasach sa aeráid inathraitheach nó sa comhshaoil ghlactha atá i gceist. |

*Tábla 4.2 Sainmhínithe ar riosca aeráide sa todhchaí [48]*

Ag baint úsáide as an maitrís i dTábla 4.1 agus na sainmhínithe atá leagtha amach i dTábla 4.2, aithníodh beartú tosaíochta do rioscaí aeráide sa todhchaí do Chontae Chorcaí ar féidir a fheiceáil i dTábla 4.3 thíos:

| Riosca Aeráide sa todhcaí | Muinín réamh-mheastacháin | Iarmhairt sa Todhchaí | Tosaíochtaí riosca sa todhchaí |
|---|---|---|---|
| Tuilte abhann | 4 | 5 | 5 |
| Tonnta teasa | 5 | 4 | 5 |
| Tuilte cósta | 4 | 4 | 4 |
| Tuilte bháistiúil | 2 | 5 | 4 |
| Stoirmeacha gaoithe | 3 | 4 | 4 |
| Tuilte screamhuisce | 1 | 4 | 3 |
| Creimeadh cósta | 2 | 4 | 3 |
| Coinníollacha reo | 5 | 1 | 2 |

*Tábla 4.3. Beartú tosaíochta ar rioscaí athraithe aeráide amach anseo i gContae Chorcaí*

Tugann na réamh-mheastacháin seo dúshláin shuntasacha don Chomhairle, don chontae agus dá saoránaigh. Beidh tionchar breise ag Athrú Aeráide ar úsáid talún lena n-áirítear talmhaíocht agus foraoiseacht, ar bhithéagsúlacht, ar acmhainní uisce, ar shláinte an duine, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí.

## 4.4 Clár Riosca Chontae Chorcaí

Déanann na guaiseacha agus na hiarmhairtí a bhaineann le himeachtaí foircneacha aeráide an bunús don chlár riosca, a thugann achoimre ar na seirbhísí agus ar na feidhmeanna gnó a bhfuil tionchar orthu faoi na ceannteidil thíos:

| Rialachas Oiriúnaithe Áitiúil agus Oibríochtaí Gnó | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí & Feidhmeanna a bhfuil tionchar orthu** | **Imeachtaí Aeráide** | **Tionchair Ghuaise Aeráide** | **Iarmhairtí** |
| Seirbhísí gnó | Imeachtai Stoirm, Imeachtaí Sneachta, Imeachtaí foircneacha báistí | Foirgneamh a dhúnadh<br>Lochtanna leictreacha<br>Rioscaí do leas na foirne, Sábháilteacht Phoiblí<br>Turasóireacht | Caillteanas Eacnamaíoch |

| Bonneagar agus Timpeallacht Thógtha | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí & Feidhmeanna a bhfuil tionchar orthu** | **Imeachtaí Aeráide** | **Tionchair Ghuaise Aeráide** | **Iarmhairtí** |
| Bóithre, cosáin, droichid, tógáil agus cothabháil | Gach Imeacht Aimsire Foircneacha | Meath méadaitheach<br>Bonneagar atá ag titim isteach<br>Limistéir doshiúlta | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Sábháilteacht Phoiblí |
| Stoc Foirgníochta - Foirgnimh ÚÁ agus stoc tithíochta sóisialta | Stoirm, Báistí, Imeachtaí sneachta agus tonn teasa | Damáiste ar stoic tithíochta<br>Saincheisteanna téimh<br>Foirgnimh Údaráis Áitiúil a dhúnadh | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Sábháilteacht Phoiblí |
| Bonneagar Pobail | Imeachtaí Foircneach Leanúnach | Bonneagar pobail a lagú<br>Tionchair ar áiseanna áineasa agus gníomhaíochtaí turasóireachta | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Sóisialta<br>Sábháilteacht Phoiblí |
| Cultúr & Oidhreachta | Stoirm, Báistí, Imeachtaí Sneachta | Damáiste do shócmhainní cultúrtha & oidhreachta | Caillteanas Eacnamaíoch, Caillteanas Comhshaoil & Oidhreachta |

| Úsáid agus Forbairt Talún | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí & Feidhmeanna a bhfuil tionchar orthu** | **Imeachtaí Aeráide** | **Tionchair Ghuaise Aeráide** | **Iarmhairtí** |
| Pleanáil Spásúil agus úsáid talún | Gach Imeacht Aimsire Foircneach | Neamhchinnteacht i bpleanáil fadtéarmach ar úsáid talún<br>Oiriúnacht an bhonneagair | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Sóisialta |

| Draenáil agus Bainistiú Tuilte | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí & Feidhmeanna a bhfuil tionchar orthu** | **Imeachtaí Aeráide** | **Tionchair Ghuaise Aeráide** | **Iarmhairtí** |
| Uisce stoirme / séarachas | Borradh Stoirme / Imeachtaí báistí /Imeachtaí Triomach | Carnadh uisce stoirme.<br>Brú méadaithe ar bhonneagar.<br>Laghdaíonn imeachtaí triomach sreabha séarachais | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Comhshaoil & Oidhreachta |
| Fuíolluisce | Báistí/Imeachtaí tonn teasa | Insreabhadh agus insíothlú go líonra fuíolluisce<br>Cur isteach ar phróiseas anaeróbach | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Comhshaoil & Oidhreachta |
| Soláthar uisce | Imeachtaí tonn teasa / Triomach / Imeachtaí báistí / Stoirm | Éileamh uisce a mhéadú<br>Infhaighteacht laghdaithe de foinsí soláthair uisce<br>Poitéinseal méadaithe maidir le héilliú uisce<br>Caighdeán an uisce laghdaithe | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Sóisialta<br>Caillteanas Comhshaoil & Oidhreachta<br>Sábháilteacht Phoiblí |
| Caighdeán Uisce | Teochtaí Arda Leanúnach / Imeachtaí Báistí / Imeachtaí báistí íseal | Athruithe i ndáileadh speiceas agus i bhfeineolaíocht na gcóras abhann<br>Caighdeán an uisce a laghdú | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Comhshaoil & Oidhreachta<br>Sábháilteacht Phoiblí |

| Timpeallacht Nádúrtha, Oidhreacht Thógtha agus Cultúrtha | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí & Feidhmeanna a bhfuil tionchar orthu** | **Imeachtaí Aeráide** | **Tionchair Ghuaise Aeráide** | **Iarmhairtí** |
| Bithéagsúlacht | Teochtaí Arda Leanúnach / Imeachtaí báistí / Imeachtaí báistí íseal | Athruithe ar dháileadh speiceas flóra &fána<br>Riosca ardaithe go gcuirfí isteach ar an daonra.<br>D'fhéadfadh dul in éag.<br>Laghdú ar an éiceachóras. | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Sóisialta<br>Caillteanas Comhshaoil & Oidhreachta |

| Pobal, Sláinte & Folláine | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí & Feidhmeanna a bhfuil tionchar orthu** | **Imeachtaí Aeráide** | **Tionchair Ghuaise Aeráide** | **Iarmhairtí** |
| Forbairt Pobail | Imeachtaí Báisteach Foircneach / Imeachtaí Tonn teasa leanúnach | Aonrú méadaithe<br>Damáiste do mhaoin, sráid-dreacha agus sócmhainní pobail. | Caillteanas Eacnamaíoch<br>Caillteanas Sóisialta<br>Sábháilteacht Phoiblí |





Caibidil 5

# Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha an Oiriúnú

# 5.1 Réamhrá

Sainaithníodh seacht sprioc ardleibhéil bunaithe ar an gclár riosca agus na rioscaí tosaíochta a rangaíodh ag Comhairle Contae Chorcaí. Tugtar achoimre thíos ar na cuspóirí faoi gach sprioc.

## 1 Rialachas Oiriúnaithe Áitiúil agus Oibríochtaí Gnó

**SPRIOC:**

Tacú le cur i bhfeidhm na pleanála oiriúnaithe i ngníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na Comhairle. Athléimneacht a thógáil i gContae Chorcaí chun tacú le seachadadh seirbhíse.

## 2 Bonneagar agus Timpeallacht Thógtha

**SPRIOC:**

Athléimneacht na mbóithre agus an bhonneagair iompair a mhéadú agus stoc na sócmhainní atá faoi úinéireacht na Comhairle.

## 3 Úsáid agus Forbairt Talún

**SPRIOC:**

Cúinsí gníomhaíochta aeráide a chomhtháthú i bpleanáil úsáide talún.

## 4 Draenáil agus Bainistiú Tuilte

**SPRIOC:**

Oiriúnú don riosca méadaithe agus don tionchar a bhíonn ag tuilte. Idirchaidreamh agus comhoibriú le comhlachtaí eile atá freagrach as acmhainní uisce a bhainistiú.

## 5 Timpeallacht Nádúrtha, Oidhreacht Thógtha agus Cultúrtha

**SPRIOC:**

Cur chuige a fhorbairt chun sócmhainní cultúrtha agus nádúrtha a chosaint i gComhairle Contae Chorcaí.

## 6 Pobal, Sláinte & Folláine

**SPRIOC:**

Cumas agus athléimneacht a fhorbairt i bpobail maidir le hoiriúnú aeráide.

## 7 Earnálacha agus Gníomhaireachtaí Eile

**SPRIOC:**

Comhoibriú le hearnálacha agus Gníomhaireachtaí eile i gcláir a bhaineann le gníomh aeráide agus pleanáil oiriúnaithe.

## 5.2 Treoirphrionsabail

Forbraíodh na seacht spriocanna leis na ceithre phrionsabal treorach seo a leanas, chun tuiscint ar ról an oiriúnú a chinntiú agus go mbreathnaítear ar chur chuige comhtháite maidir le tionchair an athraithe aeráide i seachadadh seirbhíse Chomhairle Contae Chorcaí.

### Oiriúnú Príomhshrutha

Is croí-bhreithniú é an t-oiriúnú don athrú aeráide agus déantar é a phríomhshruthú i ngach seirbhís agus gníomhaíocht ar fud an Údaráis Áitiúil. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm a chinntiú go bhfuil an tÚdarás Áitiúil in ann leas a bhaint as deiseanna forbartha eacnamaíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar thiomantas d'oiriúnú réamhghníomhach don athrú aeráide agus athléimneacht an phobal.

### Cinnteoireacht Fhiosraithe

Go bhfuil cinnteoireacht éifeachtach agus eolasach laistigh den Údarás Áitiúil bunaithe ar fhaisnéis iontaofa agus láidir ag féachaint do phríomhthionchair, rioscaí agus leochaileachtaí an chontae. Tacóidh sé seo le pleanáil airgeadais fhadtéarmach, le bainistíocht éifeachtach ar rioscaí agus le cabhrú le tosaíocht a thabhairt do ghníomhartha.

### Ag Tógáil Athléimneacht

Spreagfaidh feasacht agus tuiscint fheabhsaithe ar athrú aeráide sa phobail chun dul in oiriúint do na tionchair a bhfuiltear ag súil leo agus chun freagairt ghníomhach inbhuanaithe agus láidir a chur chun cinn agus chun tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bpobal leochaileach agus aghaidh a thabhairt orthu.

### Tairbhe a bhaint as Deiseanna

Uaireanta tagann buntáistí agus deiseanna breise don chontae mar thoradh ar athrú aeráide réamh-mheasta. Cuirfidh clár deiseanna ar chumas an Údaráis Áitiúil pobail agus páirtithe leasmhara a spreagadh chun comhoibriú ar na tairbhí féideartha a bhaineann le hathrú aeráide.

## 5.3 Gníomhartha um Athrú Aeráide

Tabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí aghaidh ar a cuid freagrachtaí oiriúnaithe aeráide trí na bearta seo a leanas:

- A chinntiú go seachadtar seirbhísí go héifeachtach agus go héifeachtúil faoi choinníollacha aeráide atá ag athrú
- Leanúint ar aghaidh ag comhtháthú straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe i ngach polasaí agus i gcinnteoireacht
- Freagairt go héifeachtach do teagmhais éigeandála agus drochaimsire
- Bainistiú a dhéanamh ar rioscaí aeráide do shócmhainní poiblí atá faoi úinéireacht / faoi bhainistiú an Údaráis Áitiúil
- Straitéisí oiriúnaithe tras-earnála a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil
- Oibriú le pobail chun athléimneacht agus cumas oiriúnaitheach a fhorbairt

Forbraíodh na gníomhartha ó idir ghníomhaíochtaí idir an Údarás Áitiúil agus le páirtithe leasmhara trí cheardlanna, cruinnithe agus taighde a rinneadh ar leibhéal náisiúnta agus áitiúla. D'fhéadfadh go mbeadh meascán de bhearta liath, glas agus bog sna gníomhartha seo, a clúdaíonn gach réimse feidhmiúil / oibríochtúil sa Chomhairle. D'fhéadfadh go mbeadh baint ag gach Sprioc ar ardleibhéil le roinnt seirbhísí agus stiúrthóireachtaí éagsúla de chuid an Údaráis Áitiúil. Déanfaidh an Stiúrthóireacht Comhshaoil gníomhaíochtaí gach rannóg den Údarás Áitiúil a chomhordú agus déanfaidh sé monatóireacht ar dhul chun cinn.

* Tá go leor foirmeacha i gceist le Roghanna Oiriúnú agus is féidir iad a thréithriú mar a leanas:

- Gníomhartha Liatha: Réitigh Theicneolaíochta agus Innealtóireachta
- Gníomhartha Glasa: Cur chuige bunaithe ar éiceachórais a úsáideann seirbhísí iolrach an nádúir
- Gníomhartha Bog: Cur chuige Bainistíochta nó Dlí.

Tá na frámaí ama a bhaineann le gach gníomh leagtha amach thíos:

| Fráma ama | Rangú |
|---|---|
| Gearr | 1st leath den straitéis |
| Meán | 2nd leath den straitéis |
| Fada | Le linn agus tar éis saolré an straitéis |

*Tábla 5.1 Fráma ama le haghaidh gníomhartha thar shaolré na straitéise*

Ba chóir a thabhairt faoi deara, cé gur féidir roinnt gníomhartha a chur i bhfeidhm mar atá molta, go mbeidh tuilleadh obair ullmhúcháin agus buiséid nua ag teastáil ó dhaoine eile sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí atá beartaithe athrú chun gníomhartha earnálacha a chur san áireamh de réir mar a bhfaighfear iad ó na rannóga éagsúla rialtais láir.

## 5.4 Gníomhartha Oiriúnaithe Chomhairle Contae Chorcaí

# Rialachas Oiriúnaithe Áitiúil agus Oibríochtaí Gnó

| Cuspóir: Tacú le cur i bhfeidhm rathúil agus praiticiúil na pleanála oiriúnaithe | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No.** | **Gníomh** | **Príomh-Rannóg na Comhairle** & Comhpháirtí / Comhpháirtithe | **Buiséadaithe** | **Fráma ama G / M / F** |
| 1 | Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na haeráide a bhunú le hionadaithe sinsearacha ó phríomhfheidhmeanna an Údaráis Áitiúil chun a chinntiú go gcuirfear gníomhartha an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide i bhfeidhm go rathúil , chun treoir straitéiseach a shocrú, chun tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn agus chun nuálaíocht áitiúil a spreagadh. | **Foireann Bainistíochta** | ✓ | Gearr |
| 2 | Gníomhaíocht Aeráide a chomhtháthú sna Cláir Seachadta Seirbhíse agus foráil a dhéanamh maidir lena haistriú go Pleananna Forbartha Foirne agus Pleananna Forbartha Pearsanta ionas go mbeifear in ann gníomhaíochtaí a leanúint go díreach in aghaidh an aonaid ghnó / rannóige. | **Foireann Bainistíochta** Gach Stiúrthóireacht | ✓ | Gearr |
| 3 | A chinntiú go bhfuil gníomh aeráide ina mhír sheasta ar Chlár Oibre gach cruinniú den Fhoireann Bhainistíochta . | **Foireann Bainistíochta** Gach Stiúrthóireacht | ✓ | Gearr |
| 4 | Oifigeach Gníomhaíochta Aeráide a cheapadh a bheadh freagrach as gníomhaíocht a bhaineann leis an aeráid i gComhairle Contae Chorcaí . | **Foireann Bainistíochta** | ✗ | Gearr |
| 5 | Dul i dteagmháil leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tuarascálacha ar dhul chun cinn agus nuashonrú a sholáthar nuair a iarrtar orthu. Cabhrú le ORGA ina lárionad barr feabhais i Réigiún Theas de bord farraige an tAtlantach a fhorbairt. | **Gach Stiúrthóireacht** | ✓ | Gearr - Meán |

| Cuspóir: A chinntiú go ndéantar an t-oiriúnú aeráide a phríomhshruthú i ngach gníomhaíochtaí agus oibríochtaí i gComhairle Contae Chorcaí | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No.** | **Gníomh** | **Príomh-Rannóg na Comhairle** & Comhpháirtí / Comhpháirtithe | **Buiséadaithe** | **Fráma ama G / M / F** |
| 6 | Príomhshruthú éifeachtach na mbeart Oiriúnú a bhainistiú agus a mhaoirsiú i ngach plean, clár, straitéis agus polaisí * de chuid Chomhairle Contae Chorcaí:<br>(a) Comhpháirtíochtaí a thógáil agus a neartú agus cumarsáid & comhoibriú idir-rannach a chur chun cinn<br>(b) Liosta de na pleananna, straitéisí agus polasaithe go léir a thiomsú, lena n-áirítear amlínte athbhreithnithe / nuashonraithe a bhfuiltear ag súil leo agus comhtháthú ghníomhaíocht aeráide a chinntiú i ngach athbhreithniú<br>(c) Monatóireacht a dhéanamh chun cinntiú go bhfuil cúrsaí athraithe aeráide comhtháite ins na cláir seachadta seirbhíse<br>(d) Dul chun cinn a thuairisciú don fhoireann Bainistíochta<br><br>* I measc na bpleananna, na gclár, na straitéisí agus na bpolasaithe sin tá siúd a leanas (ach níl siad teoranta dóibh):<br>• Plean Corparáideach<br>• Plean Forbartha an Chontae<br>• Pleananna Ceantair Áitiúla<br>• Plean Bithéagsúlachta<br>• Plean Oidhreachta<br>• Plean Aimsire Dian<br>• Plean Cothabhála an Gheimhridh<br>• Clár na mbóithre<br>• Straitéis Tithíochta<br>• Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil<br>• Straitéis Eacnamaíoch<br>• Straitéis Turasóireachta<br>• Córais Bainistíochta Sábháilteachta | **Grúpa Stiúrtha Gníomhaíochta Aeráide**<br><br>Foireann Bainistíochta | ✓ | Gearr - Meán |

| Cuspóir: Eiseamláir acmhainne agus riosca a fhorbairt agus a chothabháil do Chomhairle Contae Chorcaí | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No.** | **Gníomh** | **Príomh-Rannóg na Comhairle** & Comhpháirtí / Comhpháirtithe | **Buiséadaithe** | **Fráma ama G / M / F** |
| 7 | Measúnú Riosca ar Gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chorcaí i gcomhthéacs an athraithe aeráide faoi :<br>• Bailiú agus comhthiomsú de sonraí faoi imeachtaí aimsire stairiúla<br>• Tiomsúchán de sonraí faoi patrúin aeráide réamh-mheasta náisiúnta agus idirnáisiúnta | **Comhshaol**<br><br>**Grúpa Stiúrtha Gníomhaíochta Aeráide** | ✗ | Gearr - Meán |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 8 | Measúnú Riosca ar Gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chorcaí i gcomhthéacs an athraithe aeráide faoi :<br>• Leochaileachta Chomhairle Contae Chorcaí a aithint i gcomhthéacs an eolais aeráide atá ag teacht chun cinn | **Gach Stiúrthóireacht** | ✕ | Gearr - Meán |
| 9 | Córas a fhorbairt chun sonraí faoi thionchar na n-imeachtaí drochaimsire ar Chomhairle Contae Chorcaí a dhoiciméadú, a mhonatóiriú agus a anailísiú. Ba chóir na bunlínte seo a leanas a thógaint san áireamh :<br>• Nádúr agus méid na n-eachtraí drochaimsire<br>• Tionchar na n-imeachtaí drochaimsire ar sheachadadh seirbhíse poiblí<br>• Tionchar na n-imeachtaí drochaimsire ar shócmhainní na nÚdarás Áitiúil.<br>• Gníomhaíochtaí a glacadh chun dul in oiriúint d'imeachtaí agus chun seirbhísí a athbhunú<br>• Na hacmhainní a theastaíonn chun déileáil le tionchar na n-imeachtaí drochaimsire<br>• Easnaimh a h-aithint in acmhainní chun déileáil le heachtraí aimsire crua, lena n-áirítear na gnéithe S&S i ndáil le imeachtaí leanúnach le linn amanna sosa<br>• Na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le himeachtaí aimsir foircneach, lena n-áirítear:<br>  • costais glantacháin agus deisiúcháin<br>  • Maoiniú faighte ón rialtas láir<br>  • Costais ar Deiseanna maidir le himeachtaí drochaimsire<br>• Líon na laethanta dúnta d'fhoirgnimh an Údaráis Áitiúil<br>• Líon na Laethanta oibre foirne caillte<br>• Gníomhaíochtaí caillte mar gheall ar athshannadh nó acmhainní caillte.<br>• Líon na ngníomhachtúcháin ón bhfoireann Measúnaithe na haimsire troime<br>• Líon na ndúnadh bóithre éigeandála<br>• Líon na nglaonna éigeandála<br>• Líon (agus dátaí) na nglaonna chun déileáil le tinte fiáine<br>• Líon na dteagmhas Sláinte agus Sábháilteachta<br>• Líon na gciliméadar bóthair a ndéileáiltear leo i gcoinníollacha reo agus ard teochta<br>• Líon na n-uiríll agus glaonna ar chúnamh ó ionadaithe tofa, ó chustaiméirí, ó earnálacha eile agus ón bpobal<br>• Nádúr, méid agus costas na seirbhíse a chuirtear ar fáil nó a fhaightear ó earnálacha eile<br>• An cuid de na tionchair a mheastar a tharla de bharr athrú aeráide | **Grúpa Stiúrtha Gníomhaíochta Aeráide**<br><br>**Gach Stiúrthóireacht** | ✕ | Gearr |

| Cuspóir: Athléimneacht a fhorbairt i gComhairle Contae Chorcaí chun tacú le seachadadh seirbhíse | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No.** | **Gníomh** | **Príomh-Rannóg na Comhairle** & Comhpháirtí / Comhpháirtithe | **Buiséadaithe** | **Fráma ama G / M / F** |
